



**Music
Generation**

Tuarascáil Bhliantúil

2025

Clár na nÁbhar

| | |
|--|----|
| Gluais | 3 |
| Réamhrá an Chathaoirligh | 5 |
| Réamhrá an Stiúrthóra Náisiúnta | 7 |
| Fís, Misean agus Luachanna | 9 |
| An Bhliain i nGrianghraif | 11 |
| Gníomhaíochtaí agus Aschuir | 14 |
| Sa Phobal | 22 |
| Buaicphointí na gClár ó gach Cearn den Tír | 30 |
| Spríocanna Straitéiseacha | 42 |
| Cáilíocht | 42 |
| Inbhuanaitheacht | 56 |
| Abhcóideacht | 62 |
| Bord Music Generation agus Bord na hOifige Forbartha | 72 |
| Náisiúnta | 73 |
| Baill Foirne | 74 |
| Rialachas | 75 |
| Conas a Fheidhmíonn an Bord | 75 |
| Minicíocht na gCruinnithe Boird agus Coistí | 77 |
| Ráiteas maidir le Bearta Bainistíochta Riosca | 77 |
| Cúrsaí Airgeadais | 78 |
| Achoimre ar Fhigiúirí 2025 | 78 |
| Aguisíní | 80 |
| Aguisín A: | 80 |
| Aguisín B: | 81 |



Gluais

Music Generation Chiarraí

Instrument Try Out

Kenmare Grianghraf le Don MacMonagle

An Ciste Cruthaitheachta agus Comhoibrithe (CCC)

Tacaíonn Ciste Cruthaitheachta agus Comhoibrithe (CCC) Music Generation le tionscadail náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla lena soláthraítear deiseanna do pháistí, do dhaoine óga agus do cheoltóirí gairmiúla chun teacht le chéile ó thaobh an cheoil de. Tá CCC cómhaoinithe ag U2, The Ireland Funds, an Roinn Oideachais agus Óige i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Ealaíon.

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)

Is é Forbairt Ghairmiúil Leanúnach an téarma a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí foghlama ina nglacann na baill foirne páirt lena gcuid scileanna agus cumas a fhorbairt.

Grúpa Stiúrtha Stiúrthóireachta (GSS)

Cuireann Grúpa Stiúrtha Stiúrthóireachta Music Generation – Boird Oideachais agus Oiliúna (BOONna) fóram ar fáil le haghaidh cumarsáide, comhoibrithe

agus comhairliúcháin idir Oifig Forbartha Náisiúnta Music Generation agus Stiúrthóirí BOO atá freagrach as cláir The Music Generation laistigh dá Stiúrthóireacht. Cuimsítear sa bhallraíocht Stiúrthóirí Breisoideachais agus Oiliúna, Scoileanna agus Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochtúil BOO mar aon le Feidhmeannach Oifig Forbartha Náisiúnta Music Generation.

Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO)

Údaráis reachtúla oideachais is ea Boird Oideachais agus Oiliúna. Is iadsan atá taobh thiar den oideachas agus den oiliúint sa phobal áitiúil, agus tá conairí ar fáil do gach foghlaimeoir sa Luath-Oideachas, Scoileanna Náisiúnta Pobail, Iar-bhunoideachas, Breisoideachas agus Oiliúint, Printíseachtaí agus Cúrsaí Oiliúna, Seirbhísí Óige, Seirbhísí Oideachais Allamuigh, agus Seirbhísí Oideachais Pobail. Tá príomhról ag Boird Oideachais agus Oiliúna ar fud na tíre i mbainistíocht áitiúil Chomhpháirtíochtaí Áitiúla um Oideachas Ceoil Music Generation.

Comhpháirtíochtaí Áitiúla um Oideachas Ceoil (CÁOC)

Is éard is Comhpháirtíochtaí Áitiúla um Oideachas Ceoil ann ná saineolaithe áitiúla, daoine aonair agus eagraíochtaí a chuireann chun cinn agus a threoraíonn forbairt chlár Music Generation ina gceantar. Tá gach CÁOC faoi stiúir Bord Oideachais agus Oiliúna i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla agus comhpháirtithe áitiúla eile.

Oifigeach Forbartha Ceoil (OFC)

Ceaptar Oifigigh Forbartha Ceoil i ngach Limistéar CÁOC de chuid Music Generation. Treoraíonn siad forbairt clár oideachais um cheol taibhithe do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla um Oideachas Ceoil agus déanann siad maoirseacht orthu.

Oifig Forbartha Náisiúnta (OFN)

Tá sé mar aidhm ag Oifig Forbartha Náisiúnta Music Generation baint amach mhisean Music Generation a chumhachtú agus tá ról maoirseachta straitéiseach

Music Generation Chill Chainnigh

Sing Out

Grianghraf le Browne's Photography



aici ar fud an líonra náisiúnta ó thaobh rialachais, maoinithe, cáilíochta, abhcóideachta agus forbartha de.

Oideachas um Cheol Taibhithe (OCT)

Díríonn Music Generation ar an oideachas um cheol taibhithe a sholáthar, is é sin, fairsinge na foghlama gutha agus uirlise i ngach seánra agus stíl cheoil. Áirítear leis sin gach cur chuige agus cleachtas oideolaíoch atá oiriúnach do chultúir agus do thraidisiúin cheoil agus déanann Oideoirí Ceoltóra gairmiúla é a sheachadadh. Aithníonn an Roinn Oideachais agus Óige oideachas um cheol taibhithe mar oideachas ceoil neamh-phríomhshrutha. Leis an oideachas um cheol taibhithe, comhlánaítear agus treisítear soláthar curaclaim ceoil príomhshrutha an chórais oideachais fhoirmiúil ach ní chuirtear ina ionad sin é.

Pleanáil le haghaidh Cáilíochta (PC)

Próiseas frithluailleach comhoibríoch is ea Pleanáil don Cháilíocht atá éascaithe ag feidhm Forbartha agus Foghlama Cáilíochta Oifig Forbartha Náisiúnta Music Generation. Treoraíonn OFN na seisiúin PC i gcomhpháirtíocht le CÁOCanna chun oibriú le foirne áitiúla chun tuiscint chomhroinnte ar cháilíocht a chothú.

Foireann Forbartha agus Foghlama Cáilíochta (FFC)

Déanann an fhoireann sin feidhmeanna Forbartha agus Foghlama Cáilíochta Oifig Forbartha Náisiúnta Music Generation a threorú, a fhorbairt agus a sholáthar. Tacaíonn FFC le líonra náisiúnta Chomhpháirtíochtaí Áitiúla um Oideachas Ceoil Music Generation, ag cothú cultúr feabhsúcháin leanúnaigh, ionas go mbeidh an caighdeán is fearr eispéireas agus torthaí ag páistí agus daoine óga.

Réamhrá an Chathaoirligh

Mar Chathaoirleach Gníomhach, tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2025 a chur i láthair, léiriú ar bhliain eile de chumadh ceoil agus de cheangal pobail ar fud na hÉireann. Is garsprioc shuntasach é sin dár mBord, agus gabhaimid buíochas ó chroí le Leo Blennerhassett i ndiaidh dheireadh a thréimhse eisceachtúla mar Chathaoirleach. Bhí ceannaireacht fhíseach agus dúthracht Leo le deich mbliana anuas bunúsach don scála agus don tionchar urghnách atá ag Music Generation inniu.

Agus muid ag breathnú chun cinn, díríonn an Bord go hiomlán fós ar thógáil ar na boinn láidre sin, tacú lenár líonra iontach, agus a chinntiú go mbeidh deis ag níos mó páistí agus daoine óga fós ar fud na hÉireann blaiseadh a fháil de chumhacht bunathraitheach oideachas an cheoil.

I gcroílár Music Generation tá creideamh simplí ach cumhachtach: gur cheart go mbeadh an deis ag gach páiste agus gach duine óg rochtain a fháil ar oideachas um cheol taibhithe ardchaighdeán agus bheith páirteach ann. In 2025, baineadh an gealltanas sin amach ar scála suntasach, agus 10% de na páistí agus na daoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois in Éirinn ag glacadh páirt i gcláir Music Generation.

Lasmuigh de na figiúirí sin, is é an rud is suntasaí comhsheasmhacht agus cáilíocht an tsoláthair ar fud an líonra. I mbliain a bhain le forbairt agus comhdhlúthú, choinnigh Music Generation clúdach láidir ar an leibhéal náisiúnta agus é ag leanúint le feabhas a chur ar fhócas ar cháilíocht, ar inbhuanaitheacht agus ar rannpháirtíocht fhiúntach le daoine óga.

Tá rath Music Generation fréamhaithe i gcomhpháirtíocht. Tá tiomantas leanúnach ár gcomhpháirtithe náisiúnta – U2, The Ireland Funds, Banc Mheiriceá, an Roinn Oideachais agus Óige, Music Network agus an Chomhairle Ealaíon – fós bunúsach dár gcuid oibre. Mar an gcéanna, cinntíonn ceannaireacht na gComhpháirtíochtaí Áitiúla um Oideachas Ceoil, atá á mbainistiú ag Boird Oideachais agus Oiliúna i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla, go ndéanfar an obair sin a leabú i bpobail ar fud na hÉireann.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt dóibh siúd atá ag déanamh na hoibre sin ar an láthair as a ndíograis agus a ngairmiúlacht. Leanann Oifigí Forbartha Ceoil, Riarthóirí, Oibrithe Acmhainní agus Oideoirí Ceoltóra le deiseanna fiúntacha a chruthú do pháistí agus do dhaoine óga chun dul i mbun an cheoil ar bhealaí atá cruthaitheach, cuimsitheach agus bunathraitheach.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhbhaill dheonacha Boird agus le foireann na hOifige Forbartha Náisiúnta as a dtiomantas leanúnach.

Agus muid ag amharc ar an am atá le teacht, tá sé ar chumas Music Generation chun cur lena bhoinn láidre. Le treo straitéiseach soiléir agus tiomantas roinnte ar fud na heagraíochta, dírimid fós ar a chinntiú go mbeidh níos mó páistí agus daoine óga ábalta blaiseadh a fháil de thionchar buan an cheoil ina saol.

Deirdre McCrea

Cathaoirleach Gníomhach

Réamhrá an Stiúrthóra Náisiúnta

Bliain thábhachtach forbartha agus tionchair ba ea an bhliain 2025 do Music Generation. Ag obair go dlúth lenár agus trínár gcomhpháirtithe áitiúla, chuireamar ár misean chun cinn maidir le cumhacht a thabhairt do pháistí agus do dhaoine óga trí rochtain a fháil ar an oideachas um cheol taibhithe. Ar fud na tíre, lean ár ngníomhaíochtaí, ár gcláir agus ár gceolchoirmeacha ag déanamh go maith, rud a chinntigh rochtain ar oideachas um cheol taibhithe do pháistí agus do dhaoine óga.

In 2025, bhí 10% de na páistí agus na daoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois ar fud na hÉireann páirteach i gcláir Music Generation. Rinneadh 129,517 uair an chloig teagaisc, chomh maith leis na mílte taibhiú agus eispéireas ceoil a bhí ar siúl ar fud na tíre.

Bhí siad seo a leanas i measc cuid de na buaicphointí:

- **Féile Fearann Rí**

Féile a cheiliúran ceol, teanga agus cruthaitheacht thraidisiúnta na hÉireann i dtuaisceart Chathair Chorcaí, agus fócas láidir ar chuimsiú sóisialta agus rannpháirtíocht an phobail. Bhí 16 imeacht sa chlár, lena n-áirítear taibhithe scoile, ceardlanna idirghlúine, scéalaíocht agus ceolchoirm shuaitheanta

- **Ceolfhoireann Tíre Trasteorann Music Generation an Chabháin/ Mhuineacháin**

Thug os cionn 100 ceoltóir óg léiriú a fuair moladh mór ag Féile Phádraig i mBaile Átha Cliath agus ag Féile Ceoil Thraidisiúnta Bhéal Feirste, inar cuireadh saothar nua agus cóirithe ón gcumadóir Michael Rooney i láthair.

- **“Isle of Song”**

Comhoibriú trasteorann lena dtugtar le chéile 50 ceoltóir óg ó chontae Laoise, Uíbh Fhailí, Dhoire agus Aontroma chun ceol bunaidh a chruthú, a thaifeadh agus a sheinm.

Chomh maith leis an obair sin, lean Oifig Forbartha Náisiúnta Music Generation ag díriú ar na príomhthosaíochtaí straitéiseacha a leagtar amach inár *bPlean Straitéiseach um Shaol Daoine Óga a Bhunathrú Tríd an gCeol 2022–2026*: cáilíocht, inbhuanaitheacht agus abhcóideacht.

Laistigh de sin, leathnaigh agus neartaigh ár bhfoireann Forbartha agus Foghlama Cáilíochta an próiseas Pleanála don Cháilíocht, rud a neartaíonn caidreamh agus cleachtas comhroinnte ar fud an líonra náisiúnta.

Léiríodh ár dtiomantas don inbhuanaitheacht i gcothú leanúnach comhpháirtíochtaí láidre le páirtithe leasmhara daonchairdiúla, rialtais agus áitiúla. Cuireadh beocht sna comhpháirtíochtaí sin trí roinnt tráthanna ardphróifíle in 2025, lena n-áirítear taibhithe a rinne páistí agus daoine óga ag imeachtaí náisiúnta amhail Seothaispeántas “Cineáltas” na Roinne Oideachais agus Óige agus seoladh na Straitéise Náisiúnta um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Mhíchumas 2025–2030 i dTeach an Ard-Mhéara i mBaile Átha Cliath.

Chun tacú lenár spriocanna abhcóideachta, dhírigh ár straitéis chumarsáide ar fheasacht a mhúscailt faoinár misean trí rannpháirtíocht fhiúntach le páistí agus daoine óga. D’fhorbraíomar tuilleadh cuir chuige comhairliúcháin agus rannphárteacha lena chinntiú go gcuirfeadh a nguthanna bhonn eolais faoi phríomhréimsí pleanála, lena n-áirítear forbairt ár mBeartais Éagsúlachta, Cothroime agus Cuimsithe agus ár bpleanála cumarsáide agus brandála.

I measc na mbuaicphointí ar fad na hOifige Forbartha Náisiúnta in 2025 bhí an Cruinniú Náisiúnta Oideoirí Ceoltóra, lena tugadh le chéile cleachtóirí le haghaidh cuir i láthair faoi stiúir ceoltóirí agus foghlaim phraiticiúil, agus comhoibriú le Music Generation Uíbh Fhailí chun tacú le cruthú agus le béim a chur ar “Rocking December Nights”, singil na Nollag a raibh os cionn 370 ceoltóir óg páirteach ann i dTulach Mhór.

Agus machnamh á dhéanamh againn ar éachtaí 2025, ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le gach duine a bhí páirteach in Music Generation as a dtiomantas leanúnach dár misean comhroinnte. Táimid ag féachaint chun cinn ar 2026 le muinín agus uaillmhian, agus muid ag ullmhú don chéad chéim eile dár dturas straitéiseach, agus muid ag fanacht daingean i gcónaí inár dtiomantas chun saol daoine óga a athrú tríd an gceol.

Rosaleen Molloy

Stiúrthóir Náisiúnta

Music Generation

Is é Music Generation clár náisiúnta oideachais um cheol na hÉireann, lena **n-athraítear ó bhonn saol páistí agus daoine óga** trí rochtain a thabhairt dóibh ar oideachas ceoil ardchaighdeán ina gceantar áitiúil. Arna thionscnamh ag Music Network, tá Music Generation cómhaoinithe ag U2, The Ireland Funds, an Roinn Oideachais agus Óige, agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla um Oideachas Ceoil.

Fís

Creidimid in Éirinn ina dtugtar an deis do gach páiste agus duine óg a saol a athrú ó bhonn tríd an gcumhacht a bhaineann le ceol a dhéanamh agus a fhoghlaim.

Misean

Is é ár misean páistí agus daoine óga a chumhachtú chun barr a gcumais a bhaint amach trí rochtain ar oideachas ceoil ardchaighdeán agus trí rannpháirtíocht ann.



Music Generation Phort Láirge
SoundCrowd
Grianghraf le DGM Photographic

Luachanna

Cáilíocht

Cáilíocht an eispéiris do pháistí agus do dhaoine óga a chur i gcroílár ár gcuid oibre.

Éagsúlacht

Éagsúlacht, comhionannas agus cuimsiú sóisialta, cultúrtha agus oideolaíoch a chleachtadh agus a chur chun cinn i ngach suíomh ina n-oibrímid agus ina n-imrímid tionchar.

Comhpháirtíocht

Ag obair i gcomhar le go leor comhpháirtithe ag baint úsáid as tionchar agus rannpháirtíocht chun caidreamh iontaofa a chothú agus ár spriocanna a bhaint amach.

Fiosracht

Éisteacht agus foghlaim; fiosracht leanúnach faoi conas rudaí a dhéanamh ar bhealach níos fearr, ligean lenár smaointe, glacadh le taighde agus nuálaíocht, agus pleanáil go straitéiseach.

Cuntasacht

Seasamh le caighdeáin arda trédhearcachta, chuntasachta agus éifeachtachta, bheith tiomanta d'fhás inbhuanaithe, agus bheith gníomhach i ndáil lenár bhfreagrachtaí as an gcomhshaol.

Léigh tuilleadh faoi

➔ **Phlean Straitéiseach**
2022–2026 Music Generation.

Music Generation na hIarmhí

Féile Fidleacha 2025

Griangraf le Paul Moore



An Bhliain i nGrianghraif



Music Generation Ros Comáin
Féile Ealaíon Mhainistir na Búille
Griangraf le Brian Farrell



Music Generation na hIarmhí
Féile Fidleacha 2025
Griangraf le Paul Moore



Music Generation Chathair Luimnigh
One Day in May
Griangraf le Robin Parmar

Music Generation Phort Láirge
Jam @ The Royal
Griangraf le Keith Currams





Music Generation Chontae Luimnigh
Mol Cruthaitheach i Mainistir na Féile
Grianghraf le Jamie Moore



Music Generation Chiarraí
Oíche Ghradam Mac Léinn BOO
Chiarraí
Grianghraf le Tara Donoghue



Music Generation na Mí
SubSounds - Féile Cheoil na hÓige
Grianghraf le Dylan Scully

Music Generation na hIarmhí agus Music Generation Uíbh Fhailí

Féile Cheoil 2025

Grianghraf le Paul Moore Photography

“Tá a bhfuilimid ag iarraidh a dhéanamh an-simplí. Is mian linn a chinntiú go mbeidh rochtain ag **gach uile dhuine**, beag beann ar a gcúlra, **ar theagasc ceoil**. Sin an smaoineamh.”

Bono, U2



Gníomhaíochtaí agus Aschuir

Music Generation Chathair na Gaillimhe
Youth Lates
Grianghraf le Joseph Padfield



1

Faigheann 10%

de na **páistí agus na daoine óga** go léir in Éirinn rochtain ar chlár Music Generation



2

538

Rinne **Oideoirí Ceoltóra** cláir Music Generation a sholáthar go gníomhach in 2025

An Bhliain 2025 faoi Athbhreithniú

129,517

Soláthraíodh **uair an chloig de theagasc** an Oideachais um Cheol Taibhithe in 2025



3

132,151

Rannpháirtithe sna Cláir



4

52,963

de pháistí agus daoine óga a thug taibhiú ag **1,199 imeacht beo** in 2025



5

41

chineál ceoil a múineadd ar chlár Music Generation

1 – **Music Generation Chathair na Gaillimhe Bright Notes** ag Cruinniú na nÓg, Grianghraf le Joseph Padfield

2 – **Music Generation Phort Láirge Ensemble Ceoil Thraidisiúnta Phort Láirge**, Grianghraf le DGM Photographic

3 – **Music Generation Phort Láirge Jam @ The Royal**, Grianghraf le Keith Currams

4 – **Music Generation Lú Ceolchoirm Mhoil**, Grianghraf le Robin Barnes

5 – **Music Generation Laoise Clár Gaothuirísi Bunscoile**




Rannpháirtíocht

D'oibrigh Music Generation le **132,151 rannpháirtí cláir** in 2025, ar fud **29 ceantar Comhpháirtíochta Áitiúla um Oideachas Ceoil (CÁOC)**. Bhí thart ar 10% de na páistí agus na daoine óga go léir in Éirinn páirteach i gcláir Music Generation in 2025.

Music Generation Chathair Chorcaí
Féile Fearann Rí 2025
Grianghraf le Clare Keogh

Iomlán na Rannpháirtithe sna Cláir Bhliantúla 2021–2025



Aois na Rannpháirtithe sna Cláir

In 2025, bhí 98.8% de rannpháirtithe Music Generation a raibh a n-aoiseanna ar eolas acu 18 mbliana d'aois nó níos óige.

Bhí an cion is airde de rannpháirtithe Music Generation (64.2%) in 2025 idir 7 agus 12 bliana d'aois. Bhí 16.6% acu faoi bhun 7 mbliana d'aois, agus bhí 12% idir 13 agus 19 mbliana d'aois.

Ba fhireannaigh iad 41.3% de rannpháirtithe Music Generation in 2025, agus ba bhaineannaigh 42.6% acu. Níor chuir 0.3% de na rannpháirtithe iad féin in aithne mar fhireannach nó baineannach, agus ní b'eol an 16% eile.

64.16%

Blianta Sóisearacha 7-12

16.62%

Luathbhlianta 0-6

6.50%

Na déaga luatha go dtí an Teastas Sóisearach agus é sin san áireamh

6.09%

Ní hEol cén Aois

5.49%

Óige, (Idirbhliain go 18 mbliana d'aois)

0.93%

Daoine Scothaosta

0.21%

Aosaigh Óga (<25)




Uaireanta Teagaisc

Bhí méadú 3.2% ar líon na n-uaireanta teagaisc a soláthraíodh in 2025.

Music Generation Laoise

Oíche Oscailte Scoil Cheoil Laoise
Grianghraf le Alf Harvey

Iomlán na nUaireanta Teagaisc 2021–2025



Sonraí na gClár

Reáchtáil Music Generation 981 clár iomlán nó leanúnach in 2025.

Fad na gClár

Mhair formhór na gclár (58.5%)
20–30 seachtain.

574

20-30 seachtain
fadtéarmach nó
lánaimseartha

167


Imeacht aonuaire
nó imeacht seachtaine

132

10–19 seachtaine
meántéarma

108

2–9 seachtaine
gearrthéarmach



Seánra

Thuairiscigh limistéar CÁOC go raibh breis agus 41 seanrá ar leith ag baint leis na cláir in 2025.

Dhírigh 42% de na cláir ar sheánra amháin, agus thairg an chuid ba mhó, 58%, meascán seánraí a bhí bunaithe ar aidhmeanna an chláir.

Seo a leanas samplaí de sheánraí:

Popcheol

Traidisiúnta

Rac-cheol

Comhaimseartha

Gutha/Córúil

Ceol tíre

Cnagadh

Clasaiceach

Uirlisí Práis/Gaothuirlisí



Music Generation Bhaile Átha Cliath Theas


SubSounds - Féile Cheoil na hÓige
Grianghraf le Dylan Scully



Music Generation Liatroma

Moil I ndiaidh na Scoile

20 de na Seánraí is mó Tóir



D'fhéadfadh an céatadán iomlán a bheith níos airde ná 100%, toisc go bhfuil seánraí iomadúla ag baint le go leor clár.



Sa Phobal

**Music Generation Bhaile Átha
Cliath Theas**

SubSounds - Féile Cheoil na hÓige
Grianghraf Dylan Scully

Ionaid

Suíomh bunscoile

54.75%

Suíomh iar-bhunscoile

9.44%

Spás cathartha (Leabharlann, páirc etc.)

6.05%

Ionad Óige

4.88%

Saoráid BOO

4.30%

Ionad tráchtála

4.10%

Ionad Ealaíon

3.71%

Ionad príobháideach

2.73%

Institiúidí Ardoideachais / Ionad Breisoideachais

2.47%

Scoil Riachtanas Speisialta

2.21%

Saoráid cúraim leanaí

2.02%

Eile

1.69%

FSS/Soláthar Díreach

1.24%

Halla eaglaise

0.39%

Thuairiscigh Limistéir CÁOC de chuid Music Generation gur úsáid siad **1,536 aonad ar leith** in 2025. Is é sin méadú 7.4% ó bhí 2024 ann.

Is i suíomhanna bunscoile atá an cion is airde de na hionaid a úsáidtear, ag 54.8%. Tagann scoileanna iar-bhunscoile ina dhiaidh sin ag 9.4%, Spásanna Sibhialta ag 6.1% agus Ionaid Óige ag 4.9%.


Music Generation Chill Chainnigh
Sing Out
Grianghraf le Browne's Photography



Comhpháirtíochtaí le Scoileanna

Thuiriscigh Limistéir CÁOC Music Generation go raibh siad ag obair i gcomhpháirtíocht le **27.3% de na bunscoileanna uile** sa Stát in 2025¹, méadú ó 25.3% ó 2024.

Céatadán na scoileanna a bhí páirteach



¹<https://www.gov.ie/en/department-of-education/collections/primary-schools-enrolment-figures/#20242025>

Scoileanna

Thuairiscigh Limistéir CÁOC Music Generation go raibh siad ag obair i gcomhpháirtíocht le **20.1% de na hiar-bhunscoileanna uile** sa Stát in 2025¹, méadú ó 18.8% in 2024.

Bhí 48.7% de chlár Music Generation ar siúl i ndiaidh uaireanta scoile, agus bhí 47.7% ar siúl laistigh d'uaireanta scoile, agus bhí 3.6% ar siúl laistigh agus lasmuigh d'uaireanta scoile araon.

Bhí 46% de chlár Music Generation ar siúl i suíomhanna lasmuigh den scoil.

Thuairiscigh limistéir CÁOC Music Generation go raibh siad ag obair i 23.5% de na scoileanna speisialta go léir sa stát in 2025, méadú 2% ó 2024. Meastar go bhfuil stádas DEIS ag 36.4% de na bunscoileanna a bhfuiltear ag obair iontu.


Meastar go bhfuil stádas DEIS ag 55.9% de na meánscoileanna a bhfuiltear ag obair iontu.

Tá 27.9% de na bunscoileanna ina bhfuiltear ag obair aicmithe mar “scoileanna beaga”, ina bhfuil níos lú ná 100 dalta, mar atá 24.8% de na meánscoileanna ina bhfuiltear ag obair.

Ghlac 6,011 páiste agus duine óg ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) páirt i gclár Music Generation in 2025. Is é sin 4.5% de líon iomlán na rannpháirtithe agus méadú beagnach 2% ó 2024, i gcás ina raibh 2.7% de na rannpháirtithe ina bpáistí agus ina ndaoine óga ag a raibh riachtanais speisialta oideachais.

49%

Uaireanta iarscoile



48%

Laistigh d'uaireanta scoile

3%

An dá rud

¹<https://www.gov.ie/en/department-of-education/collections/primary-schools-enrolment-figures/#20242025>



Uirlisí


Bhí banc uirlisí ag seacht CÁOC is fiche le húsáid ag rannpháirtithe, agus meastar go raibh 41,628 uirlis ar fáil.

Mhéadaigh sé CÁOC déag líon na n-uirlisí atá ar fáil ina mbainc uirlisí idir 2024 agus 2025.

Is trí scoileanna agus cláir cíosa den chuid is mó a chuirtear uirlisí ar fáil.

**Music Generation Laoise
agus Nerve Centre i nDoire**
Isle of Song
Grianghraf le Alf Harvey

Conas a chuirtear uirlisí ar fáil



Lucht Oibre agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach




Lucht oibre

Sholáthair 583 Oideoir Ceoltóra cláir go gníomhach in 2025. Is é sin méadú 1.3 ó bhí 2024 ann. Mhéadaigh céatadán na nOideoirí Ceoltóra ar phainéil atá ag soláthar clár go gníomhach ó 65% in 2024 to 78% in 2025.

D'eagraigh ceithre limistéar CÁOC is fiche cuairteanna ó 289 Aoi-Ealaíontóir/Ensemble, agus thug siad 703 cuairt ar an iomlán.

Music Generation Chontae na Gaillimhe
The Therapeutic Centre,
Béal Átha na Sluaighe
Grianghraf le David Cooley


Cuspóir na gcuairteanna ó cheoltóirí (an ceann is coitianta)



Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)

Meastar gur cuireadh 4,335 uair an chloig de sheisiún oiliúna Forbartha Gairmiúla Leanúnaí (FGL) ar fáil d'Oideoirí Ceoltóra in 2025.

Líon iomlán na Seisiún FGL 2025



Music Generation an Chabháin/Mhuineacháin

An Cór 'Come Sing With Me'

Grianghraf le Sandra McIntyre



“Ach gurb é Music Generation ní bheadh an deis seo agam choíche. Tá sé dochreidte é a fheiceáil agus **tá an-spraoi againn.**”

Ceoltóir Óg, **Music Generation an Chabháin/Mhuineacháin**



Buaicphointí na gClár ó gach Cearn den Tír

**Music Generation
Cheatharlach**
Rock the Tower 2025
Grianghraf le Davi Matheson

Ceatharlach

Chuir [Music Generation Cheatharlach](#) “Rocks the Tower” i láthair, imeacht ceoil bheo ar scála mór do bhannaí óga atá ag teacht chun cinn. Bhí sé ar siúl in ionad ceoil Dhinn Rí i gCeatharlach agus thóg sé ar rath “Clár Forbartha Bannaí” 2024. Tugadh deis leis an imeacht sin do cheoltóirí óga a gcuid ceoil féin a sheinm agus a stíl aonair a fhorbairt. Thug ceoltóirí gairmiúla tacaíocht dóibh lena bhfuaim a fheabhsú agus muinín ar an stáitse a chothú. Bhí bannaí ceoil ó Music Generation Chill Chainnigh, Music Generation Phort Láirge agus Music Generation Chill Mhantáin ina n-éineacht. D’fhreastail breis agus 250 duine ar an taibhiú. [Féach ar ghrianghraif den imeacht anseo.](#)

An Cabhán/Muineachán

Thug Ceolfhoireann Trasteorann [Music Generation an Chabháin/Mhuineacháin](#) taibhiú i Halla Ceolchoirme Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus i Halla Uladh i mBéal Feirste. Bhí na ceolchoirmeacha mar chuid d’Fhéile Phádraig Bhaile Átha Cliath agus d’Fhéile cheoil Bhéal Feirste. Ghlac os cionn 100 ceoltóir óg páirt sa chomhoibriú trasteorann sin. Tháinig siad ó chúilraí ceoil éagsúla, lena n-áirítear seánraí traidisiúnta, ceol tíre agus ceol clasaiceach. D’fhorbair an cumadóir Michael Rooney cóirithe nua ceoil a bhí spreagtha ag ceol an chairdineora chlúitigh ó Ghailimh, Máirtín O’Connor. Sheinn Máirtín leis an gceolfhoireann ag gach ceolchoirm, in éineacht leis na ceoltóirí mór le rá Zoë Conway agus John McIntyre. [Faigh tuilleadh eolais faoina n-eispéireas anseo.](#)

An Clár

Thionóil [Music Generation an Chláir](#) a dhara “Féile Ceoil Tíre’ bhliantúil. Tugadh le chéile san fhéile ceoltóirí óga agus ceoltóirí gairmiúla chun ceol agus cultúr a cheiliúradh thar dhá lá. Bhí ceolchoirmeacha, ceardlanna agus taibhithe ar an gclár.

Osclaíodh an fhéile le ceolchoirm idirghlúine in Eaglais Cholm Cille in Inis. Rinne Ensemble Cláirsí Music Generation an Chláir agus an Grúpa Sinsearach Ceoil Thraidisiúnta léiriú i dteannta ceoltóirí iomráiteacha. Ghlac os cionn 100 ceoltóir óg páirt i gceardlanna uirlise agus gutha na féile. Leis na ceardlanna sin, cuireadh cruthaitheacht, muinín agus meas comhroinnte ar cheol traidisiúnta na hÉireann chun cinn. Chríochnaigh an fhéile leis an dara ceolchoirm chomhoibríoch in Óstán Temple Gate. [Féach grianghraif ón bhféile anseo.](#)

Music Generation an Chláir

Féile Ceoil Tíre 2025

Griangraf le Sadhbh McLoughlin



Cathair Chorcaí

D’óstáil [Music Generation Chathair Chorcaí](#) féile cheoil faoi stiúir na hóige ar a dtugtar “Rock the Block” do Chruinniú na nÓg 2025. Bhí ceol, taibhithe, buillebhoscadóireacht, brisdamhsa, agus seisiúin micreafóin oscailte san fhéile.

Ghlac os cionn 100 páiste agus duine óg páirt i gceardlanna agus i dtaibhithe le linn an imeachta. I measc na n-aoi-ealaíontóirí bhí Cian Mulcahy (Seaimpín Brisdamhsa Uile-Éireann), Lamar (Buillebhoscadóir/ Léiritheoir), agus na príomhoirfidigh Manky agus Hazey Haze. Agus é ina cheathrú bliain anois, bhí clár leathnaithe dar teideal “Cruinniú Late” mar chuid den fhéile in 2025. Dearadh é sin chun tacú le rannpháirtíocht chruthaitheach déagóirí níos sine agus aosaigh óga. Ba é Music Generation Chathair Chorcaí, Stiúideo Kabin, agus Musical Neighborhoods a chur an t-imeacht i láthair. [Féach tuilleadh faoi Rock the Block anseo.](#)

Dún Laoghaire — Ráth an Dúin

D’oibrigh [Music Generation dlr](#) le Grúpa Gníomhaíochta Taistealaithe an Deiscirt chun clár rap-cheoil agus léiriúcháin cheoil 10 seachtaine a réachtáil. Forbraíodh é i gcomhar leis na rannpháirtithe óga. Tugadh deis leis an tionscadal sin do dhaoine óga a gcuid píosaí ceoil rap féin a chumadh agus a thaifeadh. Chríochnaigh sé le taibhiú deireadh téarma. Cuireadh spásanna tacúla ar fáil leis an gclár do dhaoine óga chun iad féin a chur in iúl agus a chruthú. Chomh maith leis sin, tugadh eolas leis do na rannpháirtithe faoi bhunghnéithe an léiriúcháin ceoil. Léiríodh leis tiomantas Music Generation dlr oibriú i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí áitiúla chun cláir a dhearadh a fhreagraíonn go díreach do shuimeanna ceoil daoine óga.

Cathair Bhaile Átha Cliath

Sheol [Music Generation Chathair Bhaile Átha Cliath](#) comhpháirtíocht nua le tionscadal geansaithe “Oasis” Bohemian Football Club. D’eisigh an club peile áitiúil Bohemian FC an geansaí eagrán teoranta, arna spreagadh ag an mbanna Oasis a bhfuil cáil idirnáisiúnta air. Leithdháileadh cuid de na brabúis ó dhíolacháin na ngeansaithe chun tacú le cláir i sé limistéar de chuid Music Generation: Maigh Eo, Baile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Laois, agus Port Láirge. Thacaigh sé sin le cláir cheoil chuimsitheacha a chur ar fáil a chuaigh chun tairbhe go díreach do pháistí agus do dhaoine óga i suíomhanna áitiúla éagsúla. Léiríodh leis an cumas atá ag comhoibríthe tras-earnála tionchar fiúntach pobail a chruthú do pháistí agus do dhaoine óga. [Féach tuilleadh faoin tionscadal sin anseo.](#)

Fine Gall

D’óstáil [Music Generation Fine Gall](#) imeacht “Song in 60-Minutes” sa Séipéal ag Caisleán Shoid. Sa cheardlann uair an chloig, tugadh cuireadh do rannpháirtithe amhrán bunaidh a chumadh agus a thaifeadadh laistigh de thréimhse theoranta ama. Tugadh le chéile leis an imeacht breis agus 50 rannpháirtí de gach aois agus bhí sé ar siúl ar Oíche Chultúir. D’éascaigh dhá Oideoir Ceoltóra an cheardlann agus thug siad treoir agus tacaíocht don ghrúpa tríd an bpróiseas maidir le hamhrán a chumadh agus a thaifeadadh. Chomhoibrigh na rannpháirtithe trí liricí, guthanna agus eilimintí uirlise a chruthú don amhrán. Thug siad “The Lonely Wolf” ar an traic. Craoladh den chéad uair é ar RTÉ Raidió 1. [Éist leis an agallamh anseo.](#)

Cathair na Gaillimhe

Stiúir [Music Generation Chathair na Gaillimhe](#) “Bright Notes”, clár ceoil cuimsitheach a cuireadh ar fáil i dtrí ionad de chuid na Seirbhíse Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta (IPAS) i gCathair na Gaillimhe. Thacaigh sé le páistí agus daoine óga idir 6 agus 18 mbliana d’aois. Tugadh spás sábháilte leis an gclár do rannpháirtithe chun iad féin a chur in iúl, muintín a chothú agus mothú muintearais a bheith acu tríd an gceol. Dearadh na seisiúin cheoil sheachtainiúla le bheith fáilteach, solúbtha agus freagrúil do riachtanais na ndaoine óga a bhí ag glacadh páirt iontu. Pleanáladh na gníomhaíochtaí de réir aoisghrúpa chun tacú le foghlaim agus rannpháirtíocht. Tacaíodh le daoine óga dul ar aghaidh chuig moil cheoil iarscoile saor in aisce de chuid Music Generation Chathair na Gaillimhe. Chuidigh sé sin fáil réidh le bacainní rochtana agus chuir sé tacaíocht leanúnach ar fáil do cheoltóirí óga lasmuigh de shuíomh IPAS. [Féach tuilleadh faoi “Bright Notes” anseo.](#)

Contae na Gaillimhe

Dhírigh [Music Generation Chontae na Gaillimhe](#) ar pháistí agus ar dhaoine óga a bhfuil riachtanais bhreise acu i gcóilár phleanáil chlár 2025. Le seoladh a Moil Ceoil “Do Chách”, cruthaíodh deiseanna cuimsitheacha ceoil do pháistí agus do dhaoine óga in Órán Mór.

Thacaigh a gclár “SEnergy” agus a gcomhpháirtíocht le Down Syndrome Galway le páistí agus daoine óga atá faoi réimse leathan míchumais agus a bhfuil riachtanais chasta acu tríd an gceol. Reáchtáladh cláir “SEnergy” i Scoileanna Speisialta agus le ranganna uathachais ar fud an chontae. [Féach tuilleadh faoin tionscadal “SEnergy” anseo.](#)

Ciarraí

Thug “Ceardlanna ‘Instrument Tryout’ [Music Generation Chiarraí](#) cumadh ceoil isteach i leabharlanna ar fud an chontae. Ghlac 336 ceoltóir óg páirt i gceardlanna i gcúig leabharlann i dTrá Lí, Lios Tuathail, Cill Airne, Oileán Chiarraí agus Ceann Mara.

D’fhiosraigh na ceoltóirí óga téaduirlisí, uirlisí práis, gaothuirlisí agus cnaguirlisí le tacaíocht ó Oideoirí Ceoltóra Music Generation Chiarraí. Chruthaigh na ceardlanna réamheolas inrochtana tarraingteach ar fhoghlaim uirlise. Fuarthas aiseolas dearfach leis an gclár ó mhúinteoirí, ó rannpháirtithe agus ó fhoireann na leabharlainne maidir lena chur chuige oideachasúil agus cuimsitheach. Thuairiscigh leabharlanna méadú ar iasachtaí uirlisí agus tabhartais i ndiaidh gach ceardlainne. [Léigh tuilleadh faoin tionscnamh anseo.](#)

Cill Chainnigh

Lean “Teen Spirit” de chuid [Music Generation Chill Dara](#) ag forbairt agus ag méadú in 2025. Mheall an clár ensemble speisialaithe sin ceoltóirí óga idir 12 agus 18 mbliana d’aois. Bhuail rannpháirtithe le chéile gach mí i stíleanna rac-cheoil, popcheoil agus snagcheoil chun ceol a chóiriú agus a chleachtadh. Rinne siad léiriú ag féilte agus ag imeachtaí pobail áitiúla le linn na bliana. D’óstáil siad dhá cheolchoirm seothaispeántais in Ionad Ealaíon Bhruach na hAbhann i mí an Mheithimh agus i mí na Nollag. In 2025, tugadh isteach clár nua cosúil ar a dtugtar “Band Camp” do ghrúpa aoise níos óige. Cuidíonn “Band Camp” le ceoltóirí óga scileanna seinnte grúpa a fhorbairt agus ullmhaíonn sé iad chun bogadh isteach sa chlár “Teen Spirit”. Bhunaigh an campa trí lá trí bhanna nua, agus ghlac ceann acu páirt in “Teen Spirit” níos déanaí sa bhliain.

[Féach ar bhuaicphointí ó chlár Music Generation Chill Dara anseo.](#)

Cill Chainnigh

Chuir [Music Generation Chill Chainnigh](#) "FROM SCRATCH" ar fáil, clár DJ agus rapála saor in aisce do dhaoine óga idir 9 agus 18 mbliana d’aois ar fud Chontae Chill Chainnigh. D’fhreastail na rannpháirtithe ar cheithre cheardlann in Ionad Óige an Druma. D’fhoghlaim siad conas liricí a chumadh, buillí a chruthú, agus scileanna DJ agus léiriúcháin a fhorbairt. Fuair siad tacaíocht ó fhoireann DJanna agus rapálaithe gairmiúla agus Oideoirí Ceoltóra. Thairg an clár tacaíocht struchtúrtha, chruthaitheach. A bhui leis sin, bhí na ndaoine óga ábalta muinín a chothú agus comhoibriú lena bpiaraí. Chríochnaigh “FROM SCRATCH” le tobthaibhithe beo ar Chruinniú na nÓg in ionaid i gCill Chainnigh, i mBearna na Gaoithe, agus i gCaisleán an Chomair.

Laois

Le “Isle of Song”, tugadh 50 ceoltóir óg le chéile chun ceol bunaidh a chruthú, a thaifeadadh agus a sheinm. In 2025, bhí ceardlanna cónaitheacha cumtha amhrán ar siúl thar dhá sheachtain in Corrymeela, Contae Aontroma agus i mBaile an Chaisleáin, Contae Laoise. Threoraigh meantóirí ó [Music Generation Laoise](#) agus The Nerve Centre i nDoire. Léirigh siad 10 amhrán bunaidh agus físeáin cheoil ag gabháil leo. Bhí taibhithe beo ar siúl in ionaid ar fud Laoise, Dhoire agus Bhaile Átha Cliath. Cruthaíodh leis an tionscadal, faoi stiúir Music Generation Laoise i gcomhpháirtíocht le Nerve Centre, mothú láidir comhoibrithe, dáimhe, agus uaillmhéine cruthaithe comhroinnte. Tá “Isle of Song” tacaithe ag Ciste Óige Ildánach ar Oileán Comhroinnte de chuid Éire Ildánach. [Faigh tuilleadh eolais faoi “Isle of Song” i gclár faisnéise gairid anseo.](#)

Liatroim

Sholáthair [Music Generation Leatroma](#) a “Secondary School SingUP” faoi stiúir Patrick Barrett, Stiúrthóir Chór Óige na hÉireann atá faoi oiliúint. Tháinig meánscoileanna ó gach áit i Liatroim le chéile chun páirt a ghlacadh sa chlár agus stór amhrán comhroinnte a sheinm. Bhí sé ar siúl in The Island Theatre i mBéal an Átha Mhóir.

Mar chuid den chlár, d'éirigh le beirt amhránaithe óga in éisteacht do Chór Óige na hÉireann i gCampa Samhraidh Oiliúna. Tacaíodh lena rannpháirtíocht le Music Generation Liatroma. Bhí an campa samhraidh ar siúl thar sheachtain amháin i mí an Mheithimh in Ollscoil Luimnigh. Ba as Scoil Phobail Mhaothail agus Scoil Phobail Chora Droma Rúisc na ceoltóirí óga rathúla.

[Féach ar ghearrthóg ón taibhiú anseo.](#)

Contae Luimnigh

Sheol [Music Generation Chontae Luimnigh](#) an tionscadal rochtana is mó go dtí seo i gcomhpháirtíocht le bunscoileanna, agus d'oibrigh sé le 28 scoil ar fud Oirthear agus Iarthar Luimnigh. Tríd an gclár, reáchtáladh ceardlanna a thacaíonn le forbairt cheoil, cruthaitheacht agus rannpháirtíocht ghníomhach. Ghlac na daltaí páirt in amhránaíocht, rithim agus cnaguirlisí, iniúchadh uirlisí, cumadóireacht, agus taibhiú grúpa, rud a chuir eispéireas ceoil leathan agus cuimsitheach ar fáil. Cuidíonn an obair ar fud Chontae Luimnigh le rochtain a chinntiú do phobail scoile tuaithe agus níos lú, agus féiniúlacht cheoil chomhroinnte á cothú ar fud an réigiúin. Léiríodh leis an aiseolas méadú ar mhuintir, ar rannpháirtíocht láidir agus ar dhíograis maidir le ceol a chumadh le chéile. [Féach ar thaibhiú scoile anseo.](#)

Contae Luimnigh

Lean [Music Generation Chathair Luimnigh](#) lena fhéile “One Day in May”. San imeacht bliantúil sin, ceiliúradh cumadh ceoil i measc ógánach i gCathair Luimnigh agus thug sí ceoltóirí de gach aois le chéile ó 12 chlár Music Generation ar fud na tíre. Bhain an fhéile úsáid as spásanna poiblí chun ardán inrochtana agus fáilteach a chruthú don chruthaitheacht do phobal Chathair Luimnigh. I gcás go leor ceoltóirí óga, fuair siad an chéad taithí ar stáitse gairmiúil, ar léiriú fuaime agus ar thaibhiú os comhair lucht féachana/éisteachta mór, ag feidhmiú mar dhroichead idir rannpháirtíocht agus forbairt ealaíonta bhreise.

Chomh maith le feidhmíocht, thacaigh “One Day in May” le guth, infheictheacht agus rannpháirtíocht chultúrtha daoine óga i Luimneach. Taispeánadh leis tiomantas Music Generation Chathair Luimnigh don chruthaitheacht a chothú ón gcéad phointe rochtana go dtí féinléiriú agus ceannaireacht. Chomh maith leis sin, aithníodh daoine óga mar rannpháirtithe gníomhacha i bhféiniúlacht chultúrtha a gcathrach. [Féach ar bhuaicphointí ó “One Day in May” 2025 anseo.](#)

Music Generation Chathair Luimnigh

One Day in May

Grianghraf le Robin Parmar



An Longfort

Reáchtáil [Music Generation an Longfoirt](#) Longford Sounds, imeacht dhá lá i Halla Naomh Eoin a cheiliúir cruthaitheacht ceoltóirí óga áitiúla. I gcaitheamh dhá lá, chuaigh ceoltóirí óga ar an stáitse agus sheinn siad réimse leathan ceoil. Léirigh siad cruthaitheacht trína gcóirithe féin agus leaganacha úra d’amhráin iomráiteacha. Osclaíodh an t-imeacht le taibhiú ón ngrúpa ensemble, a sheinn le chéile mar bhanna mór. Níor raibh cuid de na ceoltóirí ach i ndiaidh tosú ag foghlaim a gcuid uirlisí ceoil le cúpla seachtain anuas, rud a fhágann raibh a dtaibhiú an-spéisiúil.

Ghlac grúpaí BandJam páirt sa chlár chomh maith. Le seacht mí anuas, bhí na rannpháirtithe ag ullmhú a seiteanna, ag cóiriú amhrán, agus d’oibrigh siad i gcomhar le chéile mar bhannaí ceoil. D’fhorbair siad scileanna praiticiúla i seiceálacha fuaimne, i mbainistíocht stáitse, agus i láithreachtaí stáitse freisin.

Music Generation an Longfoirt

Live Sounds



Lú


In 2025, thug Ceolfhoireann Tíre Nós Nua de chuid [Music Generation Lú](#) taibhiú ag féilte móra ar fud an chontae. D’oscail siad an bhliain ag Féile na Tána i gCairlinn (Mol an Óige). Thacaigh Music Generation Lú le coimeád an imeachta sin, a raibh taibhithe ónár Ensemble Cláirsí Sinsearach agus na haoi-ealaíontóirí Ryan Molloy agus Fergal Scahill páirteach ann.

I mí Mheán Fómhair, thug an cheolfhoireann taibhiú den scoth ag Féile Ceoil Thraidisiúnta na Bóinne i nDroichead Átha, ag cur “The Sweet Suite” i láthair den chéad uair. Ba thoradh ar chomhoibriú bliana an bailiúchán sé phíosá sin. D’oibrigh na ceoltóirí óga go díreach le Molloy agus Scahill i nDún Dealgan chun na píosaí nua a chumadh, a chleachtadh agus ceardlann a dhéanamh ina leith i rith na bliana roimh a gcéad taibhiú fómhair. [Féach ar chuid dá dtaibhiú anseo.](#)

Maigh Eo

Thaistil Ensemble Cláirsí [Music Generation Mhaigh Eo](#) go Béal Feirste chun taibhiú a thabhairt ag ceolchoirm a bhí díolta amach in Eaglais an tSlánaitheora mar chuid d’Fhéile Ceoil Thraidisiúnta Bhéal Feirste. Agus é ina sheachtú bliain anois, is ceiliúradh mór ar an gceol traidisiúnta in Éirinn é Fhéile Ceoil Thraidisiúnta Bhéal Feirste. Beidh ceolchoirmeacha, ceardlanna agus taibhithe ar siúl ar fud Bhéal Feirste, Cathair Cheoil de chuid UNESCO.

Chan na ceoltóirí óga taobh le cláirseoirí ó Music Generation Laoise, Lú, agus Phort Láirge, inar chuir siad comhoibriú agus ceol traidisiúnta na hÉireann i láthair i suíomh suntasach. [Féach ar chuid dá dtaibhiú anseo.](#)



“Ní raibh an deis againn riamh oibriú le léiritheoir gairmiúil agus taispeántas ceart a fháil dár n-amhráin. Bhaineamar **an-sult ar fad as**. Ar ndóigh, táimid beagáinín neirbhíseach {faoin ngig} ach tá sé spreagúil **lucht féachana/éisteacha** mór mar is ceart a bheith againn le seinm dóibh.”

An Mhí

Ghlac os cionn 100 ceoltóir óg ó chlár [Music Generation na Mí](#) san Uaimh agus i Ráth Tó páirt i dtaibhiú poiblí speisialta ag Ionad Siopadóireachta na hUaimhe i mí an Mhárta 2025.

Bhí réimse leathan grúpaí i láthair ar an lá, lena n-áirítear cóir, bainseónna, bodhráin, giotáir, cláirseacha, drumaí, méarchláir agus veidhlíní. Chomhoibrigh go leor de na daltaí le chéile, ag seinm ceoil a d'fhoghlaim siad le linn na bliana. Ba dheis iontach a bhí ann dóibh seinm i suíomh neamhfhoirmiúil, le tacaíocht óna n-Oideoirí Ceoltóra a d'ullmhaigh agus a rinne sheinn leo.

Bhain tuismitheoirí, teaghlaigh, cairde agus siopadóirí áitiúla taitneamh as clár leanúnach ceoil bheo a bhí ar siúl an lá ar fad. Féach ar ghrianghraif den imeacht [anseo](#) agus [anseo](#).

Uíbh Fhailí

Sheol [Music Generation Uí Fhailí](#) “Clara Bog Soundwalk”. D'oibrigh daltaí ceoil na hIdirbhliana agus na Dara Bliana ó Ard Scoil Chiarán Naofa i gClárach leis an gcumadóir Fiona Linnane chun siúlóid fuaime gheoshuite a chruthú do Clárachosán Portaigh Chláraigh. Leis an tionscadal ceol, tugadh le chéile scríbhneoireacht chruthaitheach, feasacht chomhshaoil, agus teicneolaíocht dhigiteach chun bealaí nua chun idirghníomhú le áit trí fhuaim a iniúchadh.

Ghlac na ceoltóirí óga páirt i gceardlanna inar iniúchadh siad éisteacht chruthaitheach, mapáil fuaime, fuaimdhreacha, scóir ghrafacha, agus taifeadadh allamuigh. D'fhorbair siad scileanna cruthaitheacha agus teicniúla araon agus iad ag foghlaim níos mó faoin bportach mar éiceachóras

bheo. Mar thoradh ar an tionscadal, rinneadh siúlóid fuaime inar comhcheanglaíodh taifeadtaí allamuigh, ceol bunaidh agus filíocht na mac léinn. Scríobh na ceoltóirí óga dánta, lena n-áirítear haiku, a bhí spreagtha ag fiadhúlra áitiúil amhail an crotach, an madra uisce, agus damhán an rafta. Fuair siad taithí ar thaifeadadh, eagarthóireacht agus cur i láthair fuaime ar ardán digiteach. Spreagtar an tsiúlóid fuaime le pointí GPS feadh an chlárachosáin agus is féidir le cuairteoirí rochtain a fháil uirthi trí chód QR a scanadh.

[Féach tuilleadh faoin tionscadal sin anseo.](#)

Ros Comáin

In 2025, chomhoibrigh daoine óga ó Thionscadail Óige Foróige Roma UBU i mBealach an Doirín agus i gCaisleán Riabhaigh le [Music Generation Ros Comáin](#) chun dhá fhíseán ceoil bhunaidh mhóra a chruthú agus a scaoileadh. Chum, thaifead agus d'eisigh an grúpa Roma Rap i mBealach an Doirín a n-amhrán bunaidh agus físeán ceoil, dar teideal “Keep Searching”. [Féach ar an físeán ceoil anseo.](#)

Ag tógáil ar an obair sin, chruthaigh na ceoltóirí óga an dara hamhrán bunaidh agus físeán ceoil dar teideal “FREE US”. Ghlac na rannpháirtithe úinéireacht iomlán ar an bpróiseas cruthaitheach, ag cumadh, ag taifeadadh agus ag seinm an traic iad féin. [Féach ar an físeán ceoil anseo.](#)



Sligeach

Chomhoibrigh [Music Generation Shligigh](#) le hOifig na nOibreacha Poiblí, Mainistir Shligigh, BID Shligigh (Ceantar Feabhsúcháin Gnó), agus Comhairle Contae Shligigh chun “Magical Evening of Music and Christmas Cheer” a chur i láthair i mí na Nollag 2025. Leis an imeacht sin, rinneadh spás taibhithe cultúrtha de Mhainistir Shligigh agus léir léiríodh tallann cheoil daoine óga i gceann de na láithreacha stairiúla is íocónaí sa bhaile.

Bhí an t-imeacht ina chuid de treoirthionscnamh Gheilleagar Oíche Shligigh, tionscnamh a bhfuil sé mar aidhm leis gníomhaíocht chultúrtha a thabhairt isteach i lár an bhaile i ndiaidh dul ó sholas. Tríd an Mainistir a athshamhlú mar ionad oíche, cruthaíodh leis an tionscadal suíomh atmaisféarach lenar cuireadh an oidhreacht agus taibhiú beo le chéile.

Bhí na taibhithe faoin aer ar siúl thar dhá oíche, agus cuireadh ar fáil leo ceol féile agus an-mhuintearas idir na daoine. Soláthraíodh leis an imeacht ardán do cheoltóirí óga agus tugadh deis don lucht féachana/ éisteachta ceol beo a bhlaiseadh i suíomh uathúil speisialta. [Féach ar ghrianghraif den imeacht anseo.](#)

Baile Átha Cliath Theas

Chríochnaigh [Music Generation Bhaile Átha Cliath Theas](#) i gcomhar le SubSounds le heisiúint albam i mí Aibreáin 2025. Bhí 15 thraic uathúla ar an albam a chum, a chóirigh agus a chan 42 rannpháirtí óg cruthaitheach agus cumasach. Rinne na ceoltóirí óga sin iniúchadh ar réimse seánraí éagsúla, ag seinm gach aon rud idir bhailéid chumhachtacha agus RnB na 1960idí agus mhíotal trom agus punc-rac. Taifeadadh an t-albam in Camden Recording Studios, arna eagrú ag Conor Brady, agus in CONTACT Studios, arna eagrú ag Domhnaill Corrigan. Ar an 12 Aibreán, sheol an grúpa an taifead le taibhiú beo ag The Sugar Club ar Shráid Líosain, Baile Átha Cliath 2. [Éist leis na heisiúintí SubSounds ar a gcampa do cheoltóirí óga anseo.](#)



Music Generation Chill Dara
Féile Snagcheoil Chill Dara
Grianghraf le Luis Mavszak

Tiobraid Árann

Chuir [Music Generation Thiobraid Árann](#) a n-amhrán “Sing for Spring” i láthair i mí Aibreáin 2025. Thar thrí lá, d’fhreastail beagnach 1,200 páiste agus duine óg ar thaibhithe in Amharclann Horse and Jockey Hotel, mar chuid de chlár amhránaíochta do bhunscoileanna ar fud Chontae Thiobraid Árann. Leis an imeacht tugadh an obair a forbraíodh i seisiúin sheachtainiúla le chéile in eispéireas beo comhroinnte.

Bhí seó beo lenar bhain gnéithe ceardlainne i gceist leis an taibhithe, agus ghlac an lucht féachana/éisteacha páirt iontu mar thaibheoirí. Chan na rannpháirtithe in éineacht le banna tí de cheoltóirí gairmiúla agus rinne siad iniúchadh ar theicnící gutha grúpa i suíomh praiticiúil. Áiríodh leis an stór amhráin a roghnaigh na páistí agus na daoine óga, mar aon le saothair áitiúla amhail “Slievenamon” agus an ceol cáiliúil “Sounds of Semple”, a seinneadh den chéad uair in 2024. Tugadh chun suntais san imeacht taibhiú agus rannpháirtíocht araon, agus ceol áitiúil agus eispéiris cheoil chomhroinnte á gceiliúradh. [Féach ar ghrianghraif den imeacht anseo.](#)

Port Láirge

D’óstáil [Music Generation Phort Láirge](#) oíche de cheol traidisiúnta nuálach i gcomhar leis an mbanna cúigir 3 on the Bund.

Bhí an taibhiú ar siúl ag Geata Naomh Pádraig agus cuireadh i láthair ann ensemble traidisiúnta agus cláirsí ó mhoil cheoil i bPort Láirge agus i nDún Garbhán. Sheinn na ceoltóirí óga a gcuid seatanna féin sula ndeachaigh siad in éineacht le 3 on the Bund ar an stáitse chun taibhiú comhoibríoch, tras-ghlúine a chur i láthair. Roimh an seó, reáchtáil 3 on the Bund ceardlanna le hensemble na gceoltóirí óga chun iniúchadh a dhéanamh ar chumadh ceoil chomhoibríoch.

Le linn an imeachta, labhair an fidléir Rebecca McCarthy-Kent faoina turas ceoil ó Phort Láirge go dtí gur sheinn sé le 3 on the Bund. Thug sí chun suntais an dóigh a bhforbraíonn oideachas um cheol taibhithe scileanna riachtanacha comhoibríthe, agus ar an dóigh a n-imrítear tionchar chonair cheoltóra óig trí bheith oscailteacht d’eispéiris nua.

[Féach grianghraif den cheardlann anseo.](#)

An Iarmhí

Threoraigh [Music Generation na hIarmhí](#) “Westmeath Whisperings”, tionscadal cumadóireachta comhoibríoch a forbraíodh trí cheardlanna le páistí bunscoile ar fud Chontae na hIarmhí. Cuireadh ar fáil leis an tionscadal dhá shaothar bhunaidh, “The Forgotten Song” agus “Echoes”, a cruthaíodh trí phróiseas cuimsitheach lenar cuireadh ceol, scéalaíocht, amharc-ealaín agus iniúchadh fuaim le chéile.

Ghlac os cionn 200 páiste páirt i gceardlanna a cuireadh ar fáil i scoileanna áitiúla. I measc na ngníomhaíochtaí bhí guth, uirlisí ceoil, cnagcheol colainne, fuaim thimpeallachta agus scéalaíocht chruthaitheach. Tugadh cumadóireacht isteach leis na seisiúin sin mar phróiseas inrochtana agus spreagadh páistí leo chun iniúchadh a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfadh fuaim íomhánna, mothúcháin agus scéalta a léiriú. Chuidigh úsáid rudaí laethúla agus ábhar a aimsiú mar fhoinsí fuaim lena dtuiscint ar an dóigh a bhféadfar ceol a chruthú a leathnú.

Bhain an dá shaothar leas as smaointe ó na ceardlanna. Léirigh “The Forgotten Song” tírdhreach miotaseolaíoch agus scéalta ceilte Mhuileann gCearr, agus rinne iniúchadh in “Echoes” ar an tSionainn agus ar an saol sa Chré-Umhaois. Ghlac páistí páirt mar chomhchruthaitheoirí, ag cur smaointe le chéile trí éisteacht, obair ghutha, rithim, agus freagairtí cruthaitheacha do théamaí cuimhne, áite agus staire. Thacaigh an tionscadal le muinín, comhoibriú agus léiriú cruthaitheach. [Léigh tuilleadh faoi “Westmeath Whisperings” anseo.](#)

Loch Garman

Chuir [Music Generation Loch Garman](#) an Clár Oideachais Ceoil Ilchéadfaí (MSMEP) ar fáil, clár ceoil cuimsitheach arna fhorbairt ag an gceoltóir agus cumadóir George Higgs. D'oibrigh George le dhá rang páistí bodhra i Scoil Náisiúnta an Chroí Naofa sa Bhabún Nua, Contae Loch Garman, ag tacú leo agus iad ag iniúchadh bhunphrionsabail an cheoil trí theicnící ilchéadfaí. Ghlac an clár cur chuige uilechoirp i leith oideachas um cheol taibhithe, ina gcuimsítear fuaim, rithim amhairc agus creathadh. Is í Scoil Náisiúnta an Bhabúin Nua an t-aon scoil san oirdheisceart a bhfuil rang speisialta do pháistí bodhra aici.

I mí an Mheithimh 2025, chuir na daltaí torthaí a gcuid foghlama i láthair trí thaibhiú ina cuimsíodh crith, teanga chomharthaíochta, agus an focal labhartha. Ghlac thart ar 12 ceoltóir óga Bhodhra páirt ann, agus léirigh siad a bhforbairt le linn an chláir. [Féach tuilleadh faoin gclár sin anseo.](#)




Cill Mhantáin

Reáchtáil [Music Generation Chill Mhantáin](#) an Cónaitheach Ceoil Thraidisiúnta “Music in the Glen” i nGleann Dá Loch i mí na Samhna 2025. Tugadh le chéile leis an imeacht cónaithe 30 ceoltóir traidisiúnta óg as gach cearn de Chontae Chill Mhantáin le haghaidh deireadh seachtaine dian ceoil agus malartaithe chruthaithigh.

Leis an gclár, cruthaíodh spás inar féidir le daoine óga idir 12 agus 18 mbliana d’aois iad féin a thumadh i gceol traidisiúnta lasmuigh dá ngnáthshuíomhanna scoile nó pobail. Chuir sé fáilte roimh rannpháirtithe atá páirteach cheana i gcláir Music Generation Chill Mhantáin agus ceoltóirí óga atá i dul i mbun gníomhaíochtaí Music Generation den chéad uair. Thacaigh an teaghlaim sin le naisc nua agus leathnaigh sé an t-eispéireas foghlama. Faoi threoir Oideoirí Ceoltóra seanbhunaithe, ghlac rannpháirtithe páirt i gceardlanna ensemble, i seisiúin neamhfhoirmiúla, agus i bhfoghlaim chomhoibríoch. Thacaigh an chónaitheacht le muinín, le nasc piaraí, agus le cumadh ceoil i dtimpeallacht thumthach.

Chríochnaigh an clár le comhrá neamhfhoirmiúil lena léiríodh dul chun cinn an ghrúpa agus roinneadh é le teaghlaigh agus leis an bpobal i gcoitinne. [Féach tuilleadh faoin imeacht anseo.](#)



“Nuair a bhíonn tú thuas ansin is gnách nach ndíríonn tú ar aon rud ach ar an gceol agus bhíonn cos gach duine ag buaileadh, bíonn an stáitse ag bogadh. Bíonn tú **chomh sásta le píobaire** agus cuireann tú uile rud as d’intinn. Bíonn tú an-tógtha ar fad leis an bhfuinneamh!”

Spriocanna Straitéiseacha

In 2022, d'fhoilsigh Music Generation
“Saol Daoine Óga a Athrú ó Bhonn tríd an gCeol”.

Leagtar amach sa phlean sin treo Music
Generation amach anseo ó 2022–2026 agus
muid ag leanúint le beocht a chur inár misean.

Cáilíocht

Sprioc: tionchar a imirt ar chultúr feabhsúcháin
leanúnaigh ar fud líonra Music Generation agus é
a chothú, ionas go mbeidh an t-eispéireas agus na
torthaí ar an gcaighdeán is airde agus is féidir ag
páistí agus daoine óga i réimse suíomhanna agus i
réimse leathan seánraí agus disciplíní ceoil.

Cuspóir

1

Oibreimid ar bhealach cuimsitheach fadtéarmach le cláir áitiúla Music Generation chun **tacú le forbairt bhreise chultúir ardchaighdeán.**

In 2025, rinneadh dul chun cinn ar spriocanna agus ar chuspóirí straitéiseacha Cholún Cáilíochta Phlean Straitéiseach OFN trí chúig ghníomhaíocht tosaíochta ón Straitéis Cáilíochta 2023–2026 a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí tosaíochta sin:

- Pleanáil le haghaidh Cáilíochta (PC)
- An Ciste athstruchtúrtha Cruthaitheachta agus Comhoibrithe
- Taighde agus Foghlaim an Oideachais um Cheol Taibhithe
- Neartú Líonra
- Foghlaim ó Cheiliúradh Náisiúnta *We are Music Generation* in 2024.

Tuairiscítear Phleanáil don Cháilíocht faoi Chuspóir 1 atá le teacht. Is é an Ciste Cruthaitheachta agus Comhoibrithe an phríomhghníomhaíocht faoi Chuspóir 2 den Cholún Cáilíochta (lgh. 46-52).

Tá dul chun cinn na ngníomhaíochtaí tosaíochta eile, Taighde agus Foghlaim OCT agus Neartú Líonra, leagtha amach faoi Chuspóir 3 den tuarascáil seo (lgh 53-55).



Music Generation Laoise

Seoladh na Straitéise Náisiúnta um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Mhíchumas 2025–2030, Teach an Ard-Mhéara, Baile Átha Cliath

Tá an méid atá foghlamtha ó Cheiliúradh Náisiúnta *We are Music Generation 2024* á chur chun feidhme ar fud dhul chun cinn na ngníomhaíochtaí tosaíochta eile laistigh de shaolré an phlean straitéisigh sin.

Pleanáil le haghaidh Cáilíochta (PC)

In 2025, chuir an fhoireann Forbartha agus Foghlama Cáilíochta (FFC) an chéad tosaíocht straitéise cáilíochta, Pleanáil don Cháilíocht, chun cinn ar na bealaí seo a leanas:

- Críochnaíodh Tuarascáil Athbhreithnithe ina leagtar amach forbairt PC ón gcéim phiólótach go dtí a chéad bhliain den chur chun feidhme

- Cuireadh príomhfhoghlaim agus príomh-mholtaí i bhfeidhm chun cur i bhfeidhm PC a bheachtú agus a fheabhsú
- Leanadh le cur i bhfeidhm PC, á leathnú go ceithre CÁOC breise go dtí 13 ar an iomlán faoi dheireadh 2025.

Leagtar amach sa Tuarascáil Athbhreithnithe ar Phleanáil don Cháilíocht (2022–2024), a críochnaíodh i Ráithe 1 2025, cur chuige straitéiseach na hOifige Forbartha Náisiúnta (OFN) maidir le Pleanáil don Cháilíocht mar phríomhthosaíocht d'fhorbairt agus d'fhoghlaim cáilíochta in oideachas um cheol taibhithe (OCT). Tugtar chun suntais sa tuarascáil an tábhacht a bhaineann le cáilíocht in OCT a thuiscint agus tugtar aird inti ar ról OCT Music Generation maidir le feabhas leanúnach ar an líonra ar fad.

Rianaítear sa tuarascáil teacht chun cinn chur chuige Music Generation i leith cáilíochta le himeacht ama. Ó tugadh isteach Uirlisí an Chreata Cáilíochta in 2019, trí chur i bhfeidhm an phróisis athbhreithnithe cáilíochta, leagtar amach inti an cinneadh aistriú go cur chuige Pleanála don Cháilíocht ó 2022 i leithe. Is é is príomhaidhm don PC tacú le foirne áitiúla agus iad ag plé cad is brí le cáilíocht an Oideachais um Cheol Taibhithe (OCT) agus foghlaim ó Oideoirí Ceoltóra faoina gcleachtas. Áirítear leis sin oibriú go comhoibríoch le daoine eile, muinín a chothú i measc páirtithe leasmhara, agus teanga chomhroinnte maidir le cáilíocht a fhorbairt. Leagtar amach sa tuarascáil freisin príomhchuspóirí, lena n-áirítear aidhmeanna cláir soiléire atá ábhartha go háitiúil a shainiú, ról na nOifigeach Forbartha Ceoil (OFCanna) a neartú, agus PC a leabú sin obair leanúnach na forbartha cáilíochta.

Ag féachaint chun cinn, moltar sa tuarascáil leanúint le cur i bhfeidhm an chur chuige PC i limistéir bhreise CÁOC le linn shaolré Phlean Straitéiseach agus Straitéis Cáilíochta OFN. Leagtar béim inti ar an ngá le rannpháirtíocht leanúnach le CÁOCanna maidir le cáilíocht agus ar an tábhacht a bhaineann le próiseas PC a dhoiciméadú. Trí dhéanamh amhlaidh, cuideofar le léargas a ghabháil ar fud an líonra, tacófar le cleachtas amach anseo, agus spreagfar rannpháirtíocht agus comhroinnt eolais leanúnach chun eispéiris OCT a fheabhsú.

In 2025, bhí PC ar siúl ó mí na Bealtaine go mí Mheán Fómhair, agus bhí ceithre limistéar CÁOC páirteach ann: Music Generation Chiarraí, Music Generation Music Generation Luimnigh, Music Generation Uíbh Fhailí, agus Music Generation Chill Mhantáin. Ar an iomlán, ghlac 36 Oideoir Ceoltóra, ceithre Oifigeach Forbartha Ceoil (OFCanna), agus dhá riarthóir páirt.

Ghlac gach foireann CÁOC páirt i dtrí lá iomlána d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL), faoi stiúir na foirne FFC, ina raibh Oideoirí Ceoltóra, OFCanna, agus foireann riaracháin agus acmhainní páirteach. Leanadh leis an obair a threorú le cur chuige solúbtha, taighde gníomhaíochta agus é sin tacaithe ag aidhmeanna agus cuspóirí soiléire. In 2025, áiríodh leis sin oibriú go dlúth le OFCanna chun gníomhaíocht PC a phleanáil, agus úsáideadh cruinnithe pleanála réamh-sheisiúin chun tionchar a imirt ar gach seisiún de réir riachtanais agus tosaíochtaí áitiúla. Bhí machnamh i ndiaidh na seisiún bunaithe ar aiseolas a bailíodh ó Oideoirí Ceoltóra, rud a chuir bonn eolais faoi phleanáil gach seisiúin ina dhiaidh sin i gcomhréir le cur chuige taighde gníomhaíochta.



Aiseolas maidir le Pleanáil don Cháilíocht 2025

In 2025, lean an fhoireann FFC ag obair le CÁOCanna a raibh PF críochnaithe acu roimhe seo.

Ba éard a bhí i gceist leis sin:

- Tacú le PC Music Generation Cheatharlach chun acmhainn cheannaireachta a chothú i measc Oideoirí Ceoltóra comhordaithe trí shraith ceardlann faoi stiúir OFN, lena n-áirítear seisiún ar bhreathnóireacht idir piaraí.
- Tacú le Music Generation Chill Chainnigh le dul chun cinn an phróisis forbartha comhpháirtíochta a ndearnadh iniúchadh air le linn na pleanála cáilíochta.
- Cruinniú comhairliúcháin leantach le OFCanna ó na chéad seacht CÁOC rannpháirteach chun aiseolas a phlé agus foghlaim a roinnt. Tugadh deis leis haghaidh comhairliúcháin maidir leis an gcruinniú sin freisin maidir le forbairt leanúnach PC, chomh maith le deis don ONF a thaithí agus a cheachtanna ó forbairt an phróisis a roinnt.

Music Generation Phort Láirge,
Sound Crowd,
Grianghraf le DGM Photographic

“Ba thuras machnamhach é. Spreagadh smaointeoireacht chriticiúil dhomhain le cuidiú ónár gcomhghleacaithe agus fhoireann OFN.”

“Spreagadh mé chun smaointe a roinnt le daoine eile, chun dialann a choinneáil agus machnamh a dhéanamh gach seachtain, agus chun tiomnú don chineál sin ceardlainne chun inspioráid agus spreagadh a athbheochan.”

Cuspóir

2

Comhoibreoimid le comhpháirtithe áitiúla agus náisiúnta chun barr feabhais **ealaíonta agus oideolaíoch a spreagadh agus tacú leis i gclársceidealú** agus i gcleachtas ar fud raon suíomhanna.

Ceann de na bealaí a n-oibríonn OFN le comhpháirtithe áitiúla agus náisiúnta ná tríd an gCiste tiomnaithe Cruthaitheachta agus Comhoibrithe (CCC). Tacaíonn an ciste sin le tionscadail náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, agus tá sé deartha chun deiseanna forbartha ealaíonta agus cruthaitheacha a chruthú d'ealaíontóirí gairmiúla, do páistí agus do dhaoine óga. Tugtar deis leis na tionscadail sin do pháistí, do dhaoine óga agus do cheoltóirí comhoibriú agus iniúchadh a dhéanamh ar cheol cruthaitheach agus ar fhoghlaim ar bhealaí éagsúla, mar aon lena ngnáth-theagasc ceoil.

I ráithe 1 2025, críochnaíodh athbhreithniú cuimsitheach straitéiseach agus próisis ar an CCC. Rinneadh scrúdú leis an athbhreithniú sin ar chuspóir, modheolaíocht, nósanna imeachta, doiciméadacht agus feidhm fhoriomlán CCC chun feabhas a chur ar phróisis agus ar chumarsáid.

Próiseáladh agus deonaíodh babhta CCC 2025 in R2, agus tairgeadh dhá shnáithe maoinithe. Bhain Snáithe 1 le tionscadail nua, agus Snáithe 2 le tionscadail athfhillteacha. Fuarthas 18 n-iarratas ó CÁOCanna, agus deonaíodh maoiniú ar 17 gcinn acu in 2025.



Music Generation an Chabháin/ Mhuineacháin

*Seothaispeántas Cineáltas na Roinne
Oideachais agus Óige 2025*

Tionscadail an Chiste Cruthaitheachta agus Comhoibrithe 2025

Live and Lyrical

Chuir Music Generation an Longfoirt sraith ceardlanna cumadóireachta amhrán “Live and Lyrical” ar siúl inar fhorbair daoine óga a gcuid scileanna i seánraí agus uirlisí ceoil éagsúla. D’fhoghlaim siad conas buillí a chruthú, liricí a chumadh agus a gcuid amhrán féin a chumadh. Agus iad ag obair le ceoltóirí gairmiúla ag a raibh taithí acu ar chumadóireacht amhrán agus ar chamchuirteanna, tugadh tacaíocht dóibh a smaointe a fhorbairt agus amhráin bhunaidh a chumadh ar ardchaighdeán. Chríochnaigh an clár le taifeadadh albaim, agus bhí ceolchoirm seolta ar siúl ina dhiaidh sin inar thaibhí na daoine óga a gcuid oibre. [Féach grianghraif ó cheardlanna “Live and Lyrical” anseo.](#)

Ceardlanna Pianó

Chuir Music Generation Liatroma, Uíbh Fhailí, Laoise, an Longfoirt agus na hIarmhí sraith ceardlanna pianó ar fáil thar ceithre dheireadh seachtaine. Thacaigh an clár le mic léinn pianó a seanma a fhorbairt agus taitneamh a bhaint as ceol a dhéanamh le chéile ag an am céanna. Reáchtáladh ceardlanna ar fud na gcúig limistéar.

Mol Ceoil Chruthaithigh

Bhunaigh Music Generation Contae Luimnigh spás sa Chaisleán Nua Thiar do dhaoine óga idir 13-18 mbliana d'aois chun smaointe ceoil cruthaitheacha a iniúchadh faoi threoir Oideoirí Ceoltóra. Is ag leanúint den chomhoibriú le Foróige an Chaisleán Nua Thiar ina spás i gcroílár an bhaile a bhí sa tionscadal sin. [Féach grianghraif ó cheardlann an Creative Music Hub anseo..](#)

SubSounds - Féile Cheoil na hÓige 2025

Leis an bhféile lae sin a bhíonn ar siúl i mBaile Átha Cliath, cruthaíodh deis do cheoltóirí óga dul ar an stáitse féile os comhair lucht féachana/éisteachta mór. Ghlac ceoltóirí óga ó chlár Music Generation i gCathair Bhaile Átha Cliath, i nDeisceart Bhaile Átha Cliath, i bhFine Gall, sa Mhí, i gCill Dara agus i gCill Mhantáin páirt, in éineacht le rannpháirtithe ón gceantar máguaird. Sheinn trí bhanna ó gach CÁOC rannpháirteach Music Generation ar an bpríomhstáitse, agus taibhíodh seiteanna fuaimiúla eile ar an dara stáitse, inar cuireadh réimse níos leithne deiseanna taibhithe ar fáil. A bhuí leis an bhféile, fuair na ceoltóirí óga taithí luachmhar ar bheith ag seinm ag suíomh féile gairmiúil, le tacaíocht ó innealtóireacht fuaimighairmiúil, bainistíocht stáitse agus stáitsiú, agus os comhair lucht féachana/éisteacha beo i dtimpeallacht uathúil. [Féach ar fhíseán gairid faoi Fhéile Ceoil Óige SubSounds anseo.](#)

Scoil Samhraidh Rac-Cheoil + Popcheoil 2025

Clár cruthaitheach tumthach seacht lá do pháistí agus do dhaoine óga idir 10-18 mbliana d'aois i Laois agus sa cheantar máguaird, a dearadh chun tacú le forbairt ceoil bhunaidh, rannpháirtíocht i máistir-ranganna, agus deiseanna taibhithe.

Ba iad coiste stiúrtha gutha na hÓige agus Oideoirí Ceoltóra Music Generation Laoise a d'fhorbair an tionscadal. Is éard a bhí i gceist leis ná ceardlanna do bhannaí beaga agus móra agus do ensemble, máistir-ranganna le haoi-cheoltóirí, agus seisiúin taifeadta le léiritheoir ceoil. Thug rannpháirtithe cuairt freisin ar Institiúid BIMM Bhaile Átha Cliath agus ar Windmill Lane Studios i mBaile Átha Cliath, agus ghlac siad páirt i ndeiseanna buscála agus taibhithe in Ionad Ceoil Laoise agus i mbaile Phort Laoise.

Chríochnaigh an clár le seó deiridh ag An Dún, spás taibhithe lasmuigh a tógadh as an nua ar thailte Ionad Ceoil Laoise. [Éist le heispéiris na rannpháirtithe óga anseo.](#)

Corde Connections 2025

Is comhoibriú é Corde Connections idir Music Generation Chiarraí, Music Generation Lú, agus ensemble téaduirlisí Cheolfhoireann Aireagail na hÉireann Tugann sé deis do cheoltóirí idirmheánacha agus ardleibhéil seinm le chéile agus páirt a ghlacadh i gceardlanna le ceoltóirí gairmiúla.

Mar chuid den tionscadal sin, tionóladh cónaitheacht samhraidh i Scoil Ghramadaí Dhún Dealgan, inar cuireadh oiliúint ardleibhéil ensemble, cleachtaí trasghearrthacha, agus gníomhaíochtaí áineasa ar fáil do 48 ceoltóir óg téaduirlisí. Ba iad foireann de

12 bhall foirne maoirseachta a d'éascaigh an clár, ina measc siúd Oideoirí Ceoltóra agus ceoltóirí gairmiúla ó Cheolfhoireann Aireagail na hÉireann. Le ceolchoirm mhór Oíche Chultúir in Halla Ceolchoirme na hOllscoile i Luimneach, cuireadh i láthair forbairt an ensemble agus cuireadh ardán ardphróifíle ar fáil do rannpháirtithe chun seinm i suíomh gairmiúil. [Féach ar a gceolchoirm chónaitheachta samhraidh 2025 anseo.](#)

Big Band Bop

Faoi stiúir Music Generation na hIarmhí agus Music Generation Ros Comáin, tugadh le chéile leis an tionscnamh Big Band Pop Fusion sin páistí agus daoine óga ón dá limistéar chun scileanna tobchumadóireachta a fhorbairt, ceol a chumadh le chéile, agus seinm mar ensemble comhcheangailte.

Bhí an tionscadal dírithe ar cheoltóirí óga idir 9 agus 18 mbliana d'aois i réimse clár uirlise, agus soláthraíodh leis conair dul chun cinn ar fáil i dtreo seinm ensemble agus thacaigh sé le forbairt teicnící cruthaitheacha ceoil. Chríochnaigh an clár le comhthaibhiú a chuir an saothar a chruthaigh na rannpháirtithe i láthair.

Cumadóir Cónaithe

Cheap Music Generation Lú Elaine Agnew mar Chumadóir Cónaithe don tréimhse 2025–2028. In 2025, thacaigh an chónaitheacht le hobair leanúnach ar phleanáil don cháilíocht agus ar chruthaitheacht a leabú mar chroílúach comhroinnte ar fud an chlár. Éascaíodh leis freisin rannpháirtíocht dhíreach idir an cumadóir agus páistí agus daoine óga i gclár scoile, in ensemble agus i moil cheoil.

Seoladh clár an Chumadóra Chónaithe go foirmiúil i mí Mheán Fómhair 2025 le ceardlann phraiticiúil lae i gceol cruthaitheach d'fhoireann na nOideoirí Ceoltóra. Leis an gcéad tionscadal, tugadh Elaine Agnew agus an scríbhneoir agus láithreoir BBC John Toal le chéile le hOideoirí Ceoltóra agus páistí ó Bhunscoileanna Naomh Peadar agus Naomh Pól i nDroichead Átha. Le chéile, chruthaigh siad liricí agus ceol do dhá amhrán Nollag nua, “Budge Up” agus “Hurry Home”. D'oibrigh Elaine Agnew le hionstraimithe ceoil óga ag mol ceoil iarscoile Music Generation Lú i nDroichead Átha freisin, inár fhorbair rannpháirtithe sraith de thrí phársa: Holly, Reflections and Winter. Chríochnaigh an tionscadal le léiriú Nollag, *Hurry Home!*, a chuir i láthair i mí na Nollag. [Féach ar an gcricoch-cheol anseo.](#)

Midland Rocks

Clár bliana is ea Féile Cheoil Óige Midland Rocks chun ceiliúradh a dhéanamh ar cheoltóirí óga ó chlár Rac-cheoil agus Popcheoil i limistéir Music Generation in Uíbh Fhailí, Laois, Longfort agus an Iarmhí agus chun tacú leo. Cuireadh tús leis an tionscnamh sin in 2025 agus tá sé ar oscailt do dhaoine óga ó gach cúlra agus de gach cumas. Chuir an fhéile ardán ar fáil do rannpháirtithe lena gcuid scileanna a thaispeáint i sraith taibhithe beo a bhí ar siúl in ionaid ar fud na réigiún. Chomh maith le deiseanna taibhithe, reáchtáilann an fhéile clár éagsúil ceardlann thar 2-3 lá, faoi stiúir foirne seanbhunaithe Oideoirí Ceoltóra.

[Féach ar ghrianghraif ó Midland Rocks anseo.](#)

Music @ Mount Leinster 2025

Is féile bhliantúil í Music @ Mount Leinster a reáchtálann Music Generation Cheatharlach lena dtugtar deis do cheoltóirí ceoil thraidisiúnta óga oibriú i gcomhar le chéile, smaointe a roinnt agus scileanna ensemble agus cóirithe a fhorbairt faoi threoir ceoltóirí gairmiúla den scoth. In 2025, ghlac rannpháirtithe páirt i gclár tumthach a ceapadh chun tacú le forbairt cheoil, malartú cultúrtha a spreagadh, agus naisc idir limistéir Music Generation ar fud na tíre a neartú. Chríochnaigh an t-eispéireas le taibhiú poiblí ardchaighdeáin in Amharclann George Bernard Shaw, inar cuireadh obair chrua na rannpháirtithe i láthair. Príomhfhócas do 2025 ba ea deiseanna meantóireachta gairmiúla a leathnú tuilleadh, comhpháirtíochtaí réigiúnacha a neartú, agus ról Music @ Mount Leinster mar fhéile náisiúnta bairr feabhais do cheoltóirí ceoil thraidisiúnta óga a neartú. [Féach tuilleadh faoi eispéireas na gceoltóirí óga anseo.](#)

Féile Fearann Rí

Tá Féile Fearann Rí fréamhaithe san fhís um chuimsiú sóisialta, rannpháirtíocht an phobail, agus cumadh ceoil idirghlúine, agus is ardán é do cheol, do theanga agus do chruthaitheacht thraidisiúnta na hÉireann ar fud thuaisceart Chathair Chorcaí. Arna chur i láthair ag Music Generation Chathair Chorcaí, faoi stiúir an tsoláthraí comhpháirtíochta Creative Tradition, bhí an t-ealaíontóir cónaitheach John Spillane páirteach san fhéile in 2025. Bhí clár éagsúil imeachtaí mar chuid den fhéile, lena n-áirítear taibhithe scoile, ceardlanna idirghlúine, imeachtaí scéalaíochta, cruinnithe ceoil pobail, agus Ceolchoirm Gala shuaitheanta. [Féach ar chuid den léiriú anseo.](#)

Music Making in a Virtual World

Is tionscadal oideachais ceoil nuálach é ‘Music Making in a Virtual World’ a úsáideann Réaltacht Fhíoriúil (VR) chun daoine óga a bhíonn imeallaithe go sóisialta a nascadh le hoideachas um cheol taibhithe. Is comhoibriú é an tionscadal sin idir Music Generation Chathair na Gaillimhe agus Foróige GO, agus tacaíonn foireann áitiúil TUSLA le hé a sholáthar. Tá sé mar aidhm leis samhail inbhuanaithe a fhorbairt le haghaidh rannpháirtíocht sa cheol digiteach lena méadaítear rochtain ar dheiseanna foghlama cruthaithí, a thacaíonn le folláine, agus lena gcothaítear rannpháirtíocht fhiúntach cheoil do dhaoine óga a bhféadfadh bacainní ar sholáthar pearsanta a bheith rompu. [Éist le tuilleadh faoin gclár sin anseo.](#)

Ceolfhoireann Consairtín Éireann 2025

Tugann Ceolfhoireann Concertina na hÉireann de chuid Music Generation an Chláir eispéiris cheoil dúshlánacha nuálacha do sheinnteoírí consairtín óga, rud a chuidíonn leo iniúchadh a dhéanamh ar a bhfuil indéanta ón taobh cruthaitheach de. Cuireann sé deiseanna foghlama ar fáil taobh amuigh de na tairiscintí áitiúla níos traidisiúnta amhail Grúpaí Ceoil agus bannaí céilí. Forbraíodh é mar fhreagairt do bhearna a aithníodh i ndeiseanna a dhírítear ar thaibhiú agus atá uailmhianach ó thaobh na cruthaitheachta de do sheinnteoírí consairtín óga ardleibhéil. Tháinig cúig ceoltóir óg is daichead le chéile chun oibriú i gcomhair le healaíontóirí lena n-áirítear NOTIFY, Cormac McCarthy, agus Ceolfhoireann Cheolchoirme MGCE, chomh maith le hamhránaithe sean-nóis agus ceol tíre ó na ceithre chúige in Éirinn. Agus é ar siúl ó mhí Mheán Fómhair 2024 go mí na Bealtaine 2025, chríochnaigh an tionscadal le sraith taibhithe beo a léirigh torthaí an turais cheoil chomhoibríoch tras-seánra sin. Faigh tuilleadh eolais faoin gclár sin anseo.

[Féach ar chlár faisnéise gairid faoi Ceolfhoireann Concertina na hÉireann anseo.](#)

Tionchar Leanúnacha Limerick Voices

Is clár ceanródaíoch cumadóireachta agus taibhithe do dhéagóirí é Limerick Voices atá bunaithe i gCathair Luimnigh agus a bhfuil ag éirí go geal leis ó bhí 2014 ann agus a bhfuil tionchar suntasach aige ar dhéagóirí ar fud an chontae. Faoi stiúir Music Generation Chathair Luimnigh, féachtar leis an gclár le hathrú ó bhonn a dhéanamh maidir leis an tacaíocht a thugtar do chruthaíocht neamhspleách na hóige ar fud na hÉireann agus í a chur chun cinn. [Féach ar chlár faisnéise gairid agus éist le rannpháirtithe ón am atá thart ó Limerick Voices anseo.](#)

Big Weekend on The Mall

Tógann Big Weekend on The Mall ar fhéile ceoil óige rathúil Music Generation Mhaigh Eo ó 2024. Cuireann an ceiliúradh dhá lá sin saol ceoil bríomhar na hóige i gContae Mhaigh Eo i láthair agus nascann sé le féilte pobail níos leithne. Bhí réimse gníomhaíochtaí mar chuid den imeacht, lena n-áirítear taibhithe ó dhaoine óga ar an bpríomhstáitse, tobsheisiúin ceoil, puball micreafóin oscailte, seisiúin ceoil thraidisiúnta Éireannaigh, agus láithreacha idirghníomhacha inar féidir le daoine uirlisí éagsúla a iniúchadh.

[Faigh tuilleadh eolais faoin imeacht anseo.](#)

An Seisiún

Tá sé mar aidhm ag an gcomhpháirtíocht sin idir Music Generation Chill Chainnigh agus Music Generation Thiobraid Árann tacú le ceoltóirí ceoil thraidisiúnta óga sa dá limistéar, agus béim á leagan ar a nasc leis an seisiún mar shuíomh cultúrtha agus le stór áitiúil a fhorbairt. Bhuail grúpa na bpáistí agus na ndaoine óga le chéile ceithre huaire le linn na bliana i gceardlanna seisiúnbhunaithe chun ceol ón gceantar áitiúil a iniúchadh agus a fhoghlaim. D'fhorbair siad scileanna ag seinm le chéile i dtimpeallacht spráúil, fháilteach. Bhí na seisiúin oscailte do chách, rud a léiríonn ceann de chroíluachanna an cheoil thraidisiúnta i suíomhanna pobail. Chuidigh rannpháirtíocht freisin le cairdeas agus caidreamh oibre a chothú idir na ceoltóirí óga agus na hoideoirí ceoil. [Féach tuilleadh faoin Seisiún anseo.](#)



**Music Generation Thiobraid Árann
agus Music Generation Chill Chainnigh**
An Seisiún

SoundCrowd

Is tionscadal forbartha agus cónaitheach do cheoltóirí óga é SoundCrowd. Tá sé deartha lena gcuid scileanna tobchumadóireachta, cumadóireachta agus comhoibrithe a leathnú. Tacaíonn an tionscadal freisin le foghlaim ghairmiúil príomhfhoirne Oideoirí Ceoltóra. Díríonn sé ar chleachtas teagaisc a fheabhsú agus é ag obair go díreach le daoine óga atá ag foghlaim uirlisí práis, gaothuirisí agus lucht rithime. Cuireadh tús leis in 2022, agus d'eascair sé as machnamh straitéiseach ar an gclár “Brass Off” a bhí ann roimhe chun riachtanais fhadtéarmacha amach anseo a shainaitheint chun fás oideolaíoch ardchaighdeáin, forbairt fhiúntach óige, agus oideachas um cheol taibhithe a chinntiú sa réimse gaothuirisí, uirlisí práis agus na gcnaguirlisí. [Féach grianghraif ó SoundCrowd 2025 anseo.](#)

SingFest

Is tionscnamh bliantúil é Singfest i Lár na Tíre lena dtugtar deis chuimsitheach, neamhiomaíoch do pháistí agus do dhaoine óga le páirt a ghlacadh i gceol grúpa. Úsáideann sé foghlaim neamhfhoirmiúil, bunaithe ar ghníomhaíochtaí agus áirítear leis gníomhaíochtaí amhránaíochta i scoileanna, sraith ceolchoirmeacha scoile, agus imeacht mór “Big Sing”. In 2025, reáchtáil Music Generation na hIarmhí agus Music Generation Uíbh Fhailí Singfest, ag cuidiú le hamhránaíocht ardchaighdeáin a thabhairt isteach i saol daoine óga agus ag tacú freisin le forbairt oideoirí ceoltóra. [Féach ar ghrianghraif ó Singfest 2025 anseo.](#)

Cleachtadh Ensemble a Fheabhsú

Mar chuid den tionscnamh sin, sheol Music Generation Chill Chainnigh clár meantóireachta do bhaill agus d'iar-bhaill na Ceolfhoirne Rithim. D'fhorbair sé comhpháirtíochtaí nua freisin le Comhaltas Bhré, CCÉ The Boathouse, Baile Chill Mhantáin, agus CCÉ Wicklow Miners Mhantáin chun tacú le ceoltóirí óga. Leis an tionscadal, cruthaíodh agus tástáladh acmhainní foghlama ceoil digiteacha don ardán Charanga. Sheinn ceoltóirí óga ag réimse imeachtaí, ina measc “Le Chéile”, “Ceol Traidisiúnta na Gaillimhe”, “Music @ Mount Laighean”, “Seó Gairdín Russborough”, “Féile ‘Kaleidoscope’”, agus “Bí Ann” ag Fleadh Cheoil na hÉireann. Reáchtáladh ceardlanna agus seisiúin taifeadta ar fud contaetha éagsúla freisin chun cuidiú le daoine óga ó cheantair éagsúla oibriú le chéile agus ceol a chruthú go comhoibríoch. [Féach ar bhuaicphointí ó thaibhithe na Féile ‘Kaleidoscope’ anseo.](#)

‘Building Orchestral Pathways’

Is tionscadal taighde gníomhaíochta leanúnach é ‘Building Orchestral Pathways’ a scrúdaíonn bealaí chun rannpháirtíocht ensemble a fhorbairt d’ionstraimithe óga ar fud Music Generation Uíbh Fhailí, na hIarmhí, Laoise, agus an Longfoirt. Tugtar aghaidh leis an tionscadal ar bhearna i ndeiseanna ensemble do cheoltóirí óga i lár na tíre. Agus béim á cur ar rochtain ar chumadh ceoil ar feadh an tsaoil a fheabhsú, agus tacú le hinbhuanaitheacht ensemble atá ann cheana féin agus cinn nua, tá sé mar aidhm leis an tionscadal seo deiseanna soiléire dul chun cinn a chruthú d’ionstraimithe óga ag gach céim forbartha.

Gníomhaíocht ‘Building Orchestral Pathways’ 2025:

Music at the Malthouse

Arna óstáil ag The Malthouse, An Sráidbhaile, Contae Laoise, mar chuid d’fhéile bhliantúil Music Generation Laoise, bunaíodh dhá cheolfhoireann chomhoibríocha a bhí leis an tionscadal. Thug ceolfhoireann shinsearach daoine óga agus daoine fásta ó Laois, Uíbh Fhailí, agus an Iarmhí le chéile. Bhí ceolfhoireann shóisearach comhdhéanta de cheoltóirí d’aois scoile a ghlac páirt i gclár Music Generation. Bhí ceoltóirí téaduirilísí, uirlísí práis, cnaguirilísí agus gaothuirilísí adhmaid páirteach sa dá ensemble. I measc na gníomhaíochtaí forbartha bhí dhá chleachtadh mórsála a bhí ar siúl i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin in Ionad Ceoil Laoise, lena n-áirítear cleachtaí trasghearrthacha agus gníomhaíochtaí neartú na foirniúlachta. Bhí an veidhleadóir Diane Daly ó Cheolfhoireann Aireagail na hÉireann i láthair ag imeacht speisialta mar Aoi-Stiúrthóir, agus d’éascaigh sí dhá sheisiún pleanála ar líne roimh ré le hOideoirí Ceoltóra chun cur chuige maidir le stór agus cleachtadh a chomhfhorbairt, chomh maith le ceardlanna, cleachtaí agus an taibhiú deiridh a stiúradh. Ghlac 86 ceoltóir óg agus deich nOideoirí Ceoltóra ar an iomlán páirt ann, agus eagraíodh iompar ó gach contae chun tacú le rochtain. [Féach ar chuid den léiriú anseo.](#)

Féile Fidleacha

D’óstail Music Generation na hIarmhí imeacht réigiúnach mórsála ag OTS Bhaile Átha Luain i mí na Bealtaine 2025. Ghlac 169 páiste ó chlár Music Generation i Laois, Uíbh Fhailí, an Iarmhí, agus an Longfort páirt ann le tacaíocht ó dháréag Oideoirí Ceoltóra. Ullmhaíodh an stór roimh ré trí sheisiúin scoilbhunaithe. Threoraigh an t-aoi-ealaíontóir Verónica Urrego (Ceolfhoirne Náisiúnta Leanaí na Breataine Móire, El Sistema na hAlban, Ceolfhoireann Náisiúnta Óige na hAlban) an t-imeacht ina tugadh na ceoltóirí go léir le chéile in ensemble mór. Cuireadh iompar scoile ar fáil chun tacú le rannpháirtíocht, agus leis an imeacht sin, neartaíodh comhoibriú traschontae agus leagadh boinn d’imeachtaí amach anseo. [Féach ar bhuaicphointí ón bhFéile Fidleacha anseo.](#)

Cuspóir

3

Leanfaimid le **líonra náisiúnta Music Generation a fhorbairt agus a neartú** ar feadh shaolré an phlean seo.

Is sprioc agus próiseas araon é neartú líonra a ghabhann trí na cúig ghníomhaíocht tosaíochta atá sa Straitéis Cháilíochta. In 2025, lean OFN le struchtúir agus tacaíocht a fhorbairt agus a neartú don líonra trí rannpháirtíocht le Comhpháirtíochtaí Áitiúla um Oideachas Ceoil tríd an gGrúpa Stiúrtha Stiúirthóireachta (GSS), Oifigeach Forbartha Ceoil (OFC), agus líonraí Riarthóra/Oibrithe Acmhainne.

Reáchtáladh 11 imeacht líonra náisiúnta ar an iomlán, lena tugadh grúpaí le chéile lena n-áirítear GSS, Líonra OFC, agus Líonra Riarthóirí/Oibrithe Acmhainní. Ghlac 114 Oideoir Ceoltóra páirt sa Chruinniú Náisiúnta Oideoirí Ceoltóra, imeacht a bhí bunaithe ar ábhar faoi stiúir Oideoirí Ceoltóra, agus a dhírigh ar eolas agus eispéiris a roinnt. Bhí ceardlanna i gceist leis an gclár ar ábhair amhail tionscadail chruthaitheacha a stiúradh, ag oibriú le páistí agus daoine óga ag a bhfuil riachtanais bhreise, Ceol domhanda in oideachas um cheol taibhithe, neamhspleáchas ceoil a chothú, cumadóireacht amhrán, agus Pleanáil don Cháilíocht. Ghlac an cnaguirlisí clúiteach Dame Evelyn Glennie páirt in agallamh beo, agus d'éascaigh an ceannaire gutha agus cumadóir Pete Churchill eispéireas cumtha ceoil grúpa ar mhór scála.



Cruinniú Oideoirí Ceoltóra Music Generation
Grianghraf le Dave Keegan

Aiseolas ó Chruinniú Oideoirí Ceoltóirí 2025

Leag na rannpháirtithe béim ar roinnt gnéithe ar bhain siad sult astu i rith an lae, ina measc:

“Bhain mé an-sult ar fad as caint Evelyn Glennie. Go hiontach agus fíor-inspiráideach. Bhaineamar sult as an gceol le chéile chomh maith.”

“Ba dheas an deis a bheith agam líonrú le daoine, ní Oideoirí Ceoltóra amháin ach gach duine a bhfuil baint acu le Music Generation. Bhain mé an-sult ar fad as gach ceann de na seisiúin ar fhreastail mé orthu, gach ceann acu difriúil agus a bhailíocht féin laistigh den tionscal agus go cruthaitheach ag baint leo.”

“Gach rud, idir na seisiúin neamhfhoirmiúla eatarthu agus an léargas iontach ar obair ár gcomhghleacaithe agus an t-amhránaíocht iontach agus na cainteanna inspiráideacha. Ionad agus eispéireas iontach ar an iomlán. Go raibh maith agat as an imeacht seo a eagrú.”

“Bhain mé sult as an lá ar fad! Bhí gach seisiún ar fhreastail mé air go hiontach ar fad. Bhí sé inspioráideach — bhí sé spreagúil — bhí sé úsáideach agus álainn.”

Le linn 2025, tionóladh cruinnithe ráithiúla Líonra OFCanna duine le duine. Cruthaíodh deiseanna leis na cruinnithe sin chun eolas agus foghlaim a roinnt, cleachtais éifeachtacha a phlé, pleanáil straitéiseach a dhéanamh, agus comhpháirtíochtaí a chothú. Mar chuid de neartú an líonra, bunaíodh grúpa oibre de OFCanna agus de bhaill feidhmiúcháin OFN chun comhoibriú ar chlár oibre comhroinnte le haghaidh imeachtaí agus cruinnithe líonra OFC a fhorbairt, chomh maith leis an gclár don imeacht cónaithe bliantúil OFC.

Ag Cruinniú Ráithiúil OFC ar an 6 Feabhra i gCathair Luimnigh, thug Mol na nÓg ceardlann dar teideal “Réamhrá ar Rannpháirtíocht Páistí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht”.

I mí an Mheithimh 2025, chomh-óstáil Music Generation Chathair Chorcaí an t-imeacht cónaithe bliantúil de chuid Líonra OFC.

Eagraíodh clár d’imeachtaí éagsúla líonraithe, seisiúin FGL, agus cuairteanna ar an láthair, lena n-áirítear fáiltiú fáilte leis an Ardmhéara agus le baill de CÁOC Chathair Chorcaí. Thug ceoltóirí óga ó Music Generation Chathair Chorcaí—lena n-áirítear rannpháirtithe ó Creative Tradition agus The Kabin Studio—taibhithe agus cur i láthair chomh maith. D’fhreastail OFCanna ag déanamh ionadaíochta do 18 limistéar CÁOC, mar aon le comhpháirtithe áitiúla CÁOC agus baill feidhmiúcháin OFN, agus comheagraíodh an t-imeacht le hionchur ó ghrúpa oibre OFC.

Chomh maith le dhá chruinniú ar líne, tionóladh cruinniú ar an láthair do Riarthóirí agus d’Oibrithe Acmhainní i Ráithe 2, agus d’fhreastail 16 toscaire ó 12 limistéar CÁOC air. Cuimsíodh sa chruinniú sin cuir i láthair ó bhaill an líonra agus gníomhaíochtaí a ceapadh chun líonrú, comhroinnt idir piaraí agus foghlaim a chur chun cinn.

Cuireadh oiliúint ar fáil sna meáin shóisialta agus IS don Líonra Riarthóirí agus Oibrithe Acmhainní chun tacú lena gcuid oibre i margaíocht agus i gcur chun cinn clár agus tionscnamh áitiúil agus nuachta áitiúla.

Rinneadh cur i láthair ó OFC–OFN don Ghrúpa Stiúrtha Stiúrthóireachta (GSS) ar an 9 Aibreán, i gcomhar le Music Generation Cheatharlach agus Music Generation Phort Láirge. Dhírigh an cur i láthair ar an mír bhuan ar an gclár oibre, “Cleachtas Éifeachtach a Chomhroinnt”.

Taighde agus Foghlaim an Oideachais um Cheol Taibhithe

Bhí comhtháthú taighde ina phríomhfhócas i gcónaí le linn cruinnithe líonra agus gníomhaíochtaí seachtracha malartaithe eolais.

Le linn 2025, rinneadh fiosrú OCT a ionchorprú sa phróiseas PC mar chuid den obair leanúnach leis an Oideoir Ceoltóra áitiúil, OFC, agus foirne riaracháin. Bailíodh tuairimí na rannpháirtithe lena linn, i ngrúpaí plé, i ngníomhaíochtaí comhoibríocha, i machnamh aonair, agus i suirbhéanna. Tiomsaítear na sonraí go léir ó PC maidir le foghlaim leanúnach, d'fhonn tuiscint chomhroinnte ar OCT sa chleachtas a chothú.

Roinneadh léargas ón bpróiseas PC sna comhthéacsanna seo a leanas:

An Chuma atá ar Cháilíocht in Oideachas um Cheol Taibhithe' — cur i láthair ag seisiún Ceoil Lucht Féachana/Éisteacha Óig (YAM), Viljandi, an Eastóin, an 17 Meán Fómhair 2025. Cur i láthair le Mairéad Duffy, Bainisteoir Forbartha agus Foghlama Cáilíochta, OFN Music Generation.

3,000 Violins: Féin-eitneagrafaíocht, Taighde Ceoil Pobail, agus Forbairt Dhearfach na hÓige — Comhchur i láthair ón Ollamh Peter Gouzouasis, Ollscoil British Columbia, Ceanada agus an Dr Margaret O'Sullivan, Stiúrthóir na Forbartha, Taighde agus Foghlama Cáilíochta, OFN Music Generation ag Comhdháil Chumann an Oideachais Ceoil in Éirinn (SMEI), Coláiste Mhuire, Béal Feirste, 28–29 Deireadh Fómhair 2025.



Music Generation Ros Comáin

Féile Phádraig

Grianghraf le Brian Farrell

Cuimsitheacht agus éagsúlacht laethúil i ngníomhaíochtaí bunaithe ar chomhpháirtíocht rannpháirteach in Music Generation — Cur i láthair comhpháirteach siompóisiam OFC–OFN ag an 17ú Comhdháil um Éagsúlacht Chultúrtha in Oideachas Ceoil, Coláiste Mhuire Gan Smál agus Acadamh Domhanda na hÉireann um Cheol agus Damhsa, Ollscoil Luimnigh, 30 Meán Fómhair–3 Deireadh Fómhair 2025. Cuir i láthair ón Dr Aidan O'Donnell, Music Generation Thiobraid Árann, Anne-Marie Beaumont, Music Generation Chill Mhantáin, agus an Dr Margaret O'Sullivan, Stiúrthóir na Forbartha, Taighde agus Foghlama Cáilíochta, OFN Music Generation.

Inbhuanaitheacht

Sprioc: oibriú i dtreo inbhuanaitheacht fhadtéarmach córais náisiúnta soláthair oideachais um cheol taibhithe áitiúil a dtacaíonn an pobal leis a bhaint amach.

Cuspóir

4

Oibreimid chun **bonneagar áitiúil agus náisiúnta a fháil a mbeidh neart acmhainní ann** (i dtéarmaí daonna agus airgeadais) agus a mbeidh rialachas eiseamláireach ina shainghné aige.

In 2023, rinne an Roinn Oideachais agus Óige Athbhreithniú Neamhspleách ar mhaoiniú poiblí na Roinne Oideachais agus Óige do Music Generation. In 2024, thionóil an Roinn Grúpa Stiúrtha chun moltaí na dtuarascálacha a bhreithniú. Leanadh le hobair an Ghrúpa Stiúrtha in 2025. Áirítear ar bhallraíocht an Ghrúpa Stiúrtha oifigigh Roinne, Stiúrthóirí BOOanna, agus Stiúrthóir Náisiúnta Music Generation.

Music Generation Shligigh

Sligo Youth Voices ag Mainistir Shligigh Grianghraf le Hackett Photography



Cuspóir

5

Leanfaimid le **comhpháirtíochtaí straitéiseacha a idirbheartú le réimse páirtithe leasmhara reatha agus nua.**

In 2025, lean Music Generation le comhpháirtíochtaí a chothú le réimse páirtithe leasmhara lena n-áirítear U2, The Ireland Funds, Banc Mheiriceá, an Roinn Oideachais agus Óige, Roinn an Taoisigh, an Chomhairle Ealaíon agus ár líonra náisiúnta de Chomhpháirtíochtaí Áitiúla um Oideachas Ceoil ina bhfuil ról ceannaireachta ag na Boird Oideachais agus Oiliúna, i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla. Ceann de na bealaí a ceiliúradh na comhpháirtíochtaí sin ná trí thaibhithe beo arna ndéanamh ag páistí agus daoine óga ag imeachtaí ar feadh 2025. Ina measc sin bhí:

- Rinne Music Generation an Chabháin/Mhuineachán taibhiú ag Seothaispeántas Cineáltas na Roinne Oideachais agus Óige, mí Mheán Fómhair 2025.
- Ceiliúradh comhpháirtíochta Bhanc Mheiriceá i mí na Samhna 2025, inar tugadh taibhithe ó Music Generation Lú
- Taibhithe Music Generation Lú ag Lón na mBan i mBun Gnó agus Daonchairdis de chuid The Ireland Funds i mí Dheireadh Fómhair 2025, imeacht Chomhpháirtíochta Daonchairdiúla Bhainc Mheiriceá i mí na Nollag 2025; Cruinniú Mullaigh Bochtaineachta agus Folláine Leanaí Roinn an Taoisigh, Staidiam Aviva i mí Mheán Fómhair 2025
- Taibhiú a thug Music Generation Laoise ag seoladh na Roinne Leanaí, Míchumais agus Comhionannais ar an Straitéis Náisiúnta um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Mhíchumas 2025–2030, Teach an Ard-Mhéara i mBaile Átha Cliath, Meán Fómhair 2025
- Taibhithe ó Music Generation dlr agus Music Generation Phort Láirge ag Oifig an Ombudsman do Leanaí 2025, Cainteanna Leanaí, Samhain 2025.



Music Generation Lú

Cruinniú Mullaigh um Bochtaineacht agus Folláine Leanaí Roinn an Taoisigh.

“Bhí mé chomh sásta go raibh an deis agam agus chleacht mé é go mion minic. Chonaic mé an mórfhianó Steinway agus bhí mé faoi gheasa aige. Sheinn mé saothar bunaidh. Ní dhéanfaidh mé dearmad ar an lá sin go deo.”

— Ceoltóir Óg, Music Generation Lú

(Chun tuilleadh eolais a fháil féach an Rannóg Abhcóideachta lch. 66)

Leanamar orainn ag comhoibriú leis an gComhairle Ealaíon ár gcomhpháirtíocht 2025–2026 a fhorbairt tuilleadh, rud a thacaigh le 17 dtionscadal de chuid an Chiste Cruthaitheachta agus Comhoibrithe.

Bhíomar bródúil as páirt a ghlacadh in idirphlé Uile-Oileáin ‘State of the Arts’ de chuid Bhanc Mheiriceá i mí na Samhna 2025 a thug ceannairí cultúrtha le chéile chun plé cuimsitheach a dhéanamh ar thodhchaí na n-ealaíon. Thosaíomar rannpháirtíocht freisin le gclár taighde na hÓige Cruthaithe “Rannpháirtíocht Páistí agus Daoine Óga i nGníomhaíochtaí Cruthaitheacha agus Cultúrtha” – comhoibriú idir Éire Chruthaitheach, an Roinn Oideachais agus Óige, an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais, agus an ESRI.

Liricí an Amhráin

And wherever you are and wherever I'll be

Your voice I'll take with me and we will

Sing

Ní neart go cur le chéile

Sing

Bí cineálta le Chéile

Sing

Is treise an grá ná an fu--ath

Leanfaimid le **léargas agus faisnéis a sholáthar** don Roinn Oideachais agus Óige agus do chomhpháirtithe áitiúla maidir leis na hacmhainní daonna agus acmhainní cuí eile atá riachtanach chun **cláir oideachais ceoil ardchaighdeáin a sholáthar.**

I gcomhar leis na BOOanna, rinne OFC Music Generation athbhreithniú ar acmhainní lucht saothair Music Generation. Is é ár sprioc tuiscint a fháil ar an dóigh a bhféadfadh acmhainn foirne agus acmhainní daonna cuidiú le hinbhuanaitheacht agus cáilíocht sholáthar na gclár áitiúil a choinneáil ar bun.



Cuspóir 7

Leanfaimid lena chinntiú go n-oibreoidh **Oifig Forbartha Náisiúnta Ghiniúint an Cheoil go héifeachtach** laistigh de na hacmhainní atá ar fáil.

In 2025, fuair Stiúrthóir Náisiúnta Music Generation (NDO) tacaíocht ó fhoireann 9 mball a bhí ag obair i gcúrsaí Airgeadais agus Rialachais, Oibríochtaí, Cumarsáide agus Margaíochta, agus Forbartha agus Foghlama Cáilíochta. Chomhlíonamar gach ceanglas rialála, rialachais agus tuairiscithe.

D'fhorbair an coiste Iniúchóireachta agus Riosca doiciméad pleanála teagmhais na bpríomhdhaoine don Oifig Forbartha Náisiúnta in 2025, chun riosca a mhaolú.

Leanamar le saineolas a fhorbairt laistigh dár bhfoireann agus tacú leis trí dheiseanna leanúnacha FGL agus oiliúna a sholáthar agus rinneadh 2% de

chostais foirne an OFC a infheistiú in 2025. Chuireamar feabhas ar ár bpróisis freisin, lena n-áirítear ár gcórais airgeadais, próisis an Chiste Cruthaitheachta agus Comhoibrithe, pleananna oibre, agus tuairisciú staidrimh a bheachtú. Leanfar leis na próisis sin a athbheithniú agus a bheachtú, ag baint úsáid as na torthaí chun tuilleadh feabhais a spreagadh in 2026 agus ina dhiaidh sin.

Chríochnaíomar obair chomh maith ar fhorbairt beartais Éagsúlachta, Cothroime agus Cuimsithe in 2025, mar ullmhúchán lena chur i bhfeidhm ó 2026.



Abhcóideacht

Spríoc: Os comhair príomh-spríocphobal tacóimid le ceart gach linbh agus duine óig chun deis a bheith acu páirt a ghlacadh in oideachas um cheol taibhithe.

Leanfaimid le **feasacht a mhúscailt maidir le fiúntas an oideachais um cheol taibhithe** i saol páistí agus daoine óga.

Cruthaíodh Plean Cumarsáide do 2025 chun tacú le Spriocanna Tacaíochta Music Generation agus feasacht a mhúscailt faoinár misean. Dhíríomar ar phríomhchuspóirí:

- Feasacht ar luach an oideachais um cheol taibhithe i saol páistí agus daoine óga a neartú.
- Deiseanna a fhorbairt chun go n-éistfear le guthanna páistí agus daoine óga
- Tacú le cuspóirí inbhuanaitheachta fadtéarmacha, leanúint le caidreamh straitéiseach a chothú agus scéalta suimiúla tionchair a roinnt
- Leanúint leis an tuiscint ar ár dtairiscint 'Oideachas um Cheol Taibhithe' a neartú agus tacú le forbairt straitéise taighde.

I measc príomhghnéithe na straitéise bhí:

Ábhar agus Scéalaíocht:

Thosaíomar ag forbairt sraith ábhair, #musicchangedme, lena seoladh in 2026.

Díríonn an tsraith ar scéalta pearsanta faoi thionchar an cheoil ar shaol páistí agus daoine óga. Rinneadh ceardlann ar an ábhar, na smaointe agus na heagarthóireacht go léir leis na ceoltóirí óga a bhí páirteach.

Leanamar le bheith ag comhoibriú go díreach le páistí agus le daoine óga tríd an scéalaíocht ar na meáin shóisialta, féach samplaí [anseo](#) agus [anseo](#).

Branda agus Suíomh Gréasáin:

Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar bhranda agus ar shuíomh gréasáin Music Generation chun ullmhú dá gcur i bhfeidhm in 2026.

Abhcóideacht agus Rannpháirtíocht:

Leanamar le deiseanna chun oibriú go díreach le páistí agus daoine óga a lorg ionas go mbeadh tionchar ag a dtuairimiú ar threo Music Generation.

I measc réimsí fócais bhí:

- Grúpaí fócais ar fhorbairt bheartas um Éagsúlacht, Cothroime agus Cuimsiú Music Generation, le ceoltóirí óga as Maigh Eo agus Cill Mhantáin.
- Grúpa fócais cumarsáide agus margaióchta le ceoltóirí óga ó Chiarraí, Lú, agus Luimneach
- Tacaíocht a thabhairt do CÁOCanna in oiliúint agus i bhforbairt próiseas rannpháirteach
- Oibriú go dlúth leis an bhfeidhm Cáilíochta, Forbartha agus Foghlama chun próisis chomhoibríocha a fhorbairt don straitéis taighde amach anseo.

Feasacht:

Leanamar le feasacht a mhúscailt trí bhealaí digiteacha agus traidisiúnta:

- Rinneamar iniúchadh ar stíleanna nua scéalaíochta físe i gcomhar le ceoltóirí óga agus CÁOCanna, rud a raibh méadú 40% ar rannpháirtíocht sna meáin shóisialta mar thoradh air.
- Shroich ár n-amhairc físeáin 89,671
- Leanamar ag cur le feasacht phoiblí trí dheiseanna sna meáin náisiúnta a fháil.

Music Generation na hIarmhí

*Wind Gaothuirilísí ag Music at the Malthouse
Grianghraf le Alf Harvey*



Music Generation Laoise agus Nerve Centre i nDoire

Isle of Song

Grianghraf le Alf Harvey



ISLE OF SONG



“Tá sé fíorchumhachtach i ndáiríre mar go dtéann tú suas ansin agus deir tú “Sea, **Táim i ndiaidh sin a dhéanamh.** M’anam, tá sé go hiontach ar fad.”

Ceoltóir Óg, **Music Generation Laoise**

Cuspóir

9

Spreagfaimid agus éascóimid go gníomhach tacaíocht faoi stiúir páistí agus daoine óga

a labhraíonn faoina n-uaimhianta agus a n-eispéiris maidir leis an luach atá ag oideachas um cheol taibhithe ina saol.

Le linn 2025, leanamar le dul chun cinn a dhéanamh maidir le guthanna páistí agus daoine óga a áireamh inár gcumarsáid agus inár ngníomhaíochtaí.

Bhain sé sin le comhordú ábhair a chruthaigh páistí agus daoine óga lena gcuid scéalta a insint trí fhíseán agus trí chainéil ar líne. Chomhoibríomar freisin le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta chun deiseanna feidhmíochta a chruthú. Leanamar le caidreamh a chothú le príomhionadaithe, amhail Oifig an Ombudsman do Leanaí agus an Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí.

Abhcóideacht agus Ambasadóirí Óga

Gach bliain, cuirtear beocht inár n-abhcóideacht trínár nAmbasadóirí Óga, a dhéanann ionadaíocht do cheoltóirí óga ar fud ár líonra. Úsáideann siad a n-ardáin chun eispéiris saoil a roinnt agus chun tacú le tábhacht an oideachais um cheol taibhithe i measc lucht féachana/éisteacha náisiúnta agus idirnáisiúnta. Oibríonn Music Generation go dlúth le maoinitheoirí, deontóirí agus comhpháirtithe chun na deiseanna taibhithe speisialta sin a chruthú. Trí na deiseanna sin, ní hamháin go n-éistear le daoine óga, ach aithnítear iad mar abhcóidí cumhachtacha don ról atá ag an gceol ina saol.



Music Generation dlr

Cainteanna Leanaí 2025

Grianghraf le Maxell Photography

Music Generation Fhine Gall - Scoil Speisialta Pobail Danu

Scríobhadh alt faoi chlár Music Generation Fhine Gall i Scoil Phobail Danu i mBaile Átha Cliath 15 in Irish Independent. Tá an clár sin, a dhíríonn ar fholláine, á stiúradh ag an Teiripeoir Ceoil agus Oideoir Ceoltóra Music Generation, Eoghan McGale, agus is éard atá i gceist leis ná cumadh ceoil cuimsitheach le daoine óga a bhfuil dúshlán chumarsáide agus foghlama acu. Pléadh san alt an tionchar thar a bheith dearfach atá ag rochtain ar cheol ar fholláine na bpáistí agus an dóigh ar chuidigh sé leo scileanna a fhorbairt taobh amuigh den cheol. [Léigh an t-alt anseo](#) agus [féach ar fhíseán gairid faoin gclár anseo](#).

Cruinniú Mullaigh um Bochtaineacht agus Folláine Leanaí Roinn an Taoisigh.

Chum Jimmy Maguire, ó Music Generation Lú, dhá shaothar bunaidh don Chruinniú Mullaigh um Bochtaineacht agus Folláine Leanaí a tionóladh i Staidiam Aviva. Fuair a léiriú na gártha molta dhá uair agus mhol an Taoiseach Micheál Martin go hard é. Is tionscnamh bliantúil é an Cruinniú Mullaigh um Bochtaineacht agus Folláine Leanaí a óstálann Roinn

an Taoisigh. Tá sé mar aidhm leis gníomhaíocht a luathú ar fud an rialtais chun bochtaineacht páistí in Éirinn a laghdú. [Féach ar an léiriú anseo](#) agus [léigh an Tuarascáil ón gCruinniú Mullaigh anseo](#).

Seoladh Straitéise na Roinne Leanaí, Míchumais agus Comhionannais

Sheinn banna ceoil Bass Brothers ó Music Generation Laoise i dTeach an Ard-Mhéara i mBaile Átha Cliath le linn sheoladh na Straitéise Náisiúnta um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Míchumas 2025–2030 a sheol an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais.

Bhí an Taoiseach Micheál Martin; an Tánaiste Simon Harris; an tAire Leanaí, Míchumais agus Comhionannais, Norma Foley; an tAire Stáit le Freagracht as Míchumas, Hildegard Naughton; agus an tAire Stáit sa Roinn Iompair, Seán Canney, i láthair ag an imeacht. [Féach ar na grianghraif óna léiriú anseo](#).

Seothaispeántas Cineáltas na Roinne Oideachais agus Óige 2025

Rinne Music Generation an Chabháin/Mhuineachán léiriú ag Seothaispeántas Cineáltas 2025 na Roinne Oideachais agus Óige. Chan cór Scoil Náisiúnta Eanaigh Gheala i gContae Mhuineacháin amhrán saincheaptha don imeacht dar teideal “We Will Sing”. Chum an t-oideoir ceoil Brioni Gallagher an t-amhrán i gcomhar leis na ceoltóirí óga. Bhí sé bunaithe ar théama an imeachta ‘Muintearas’. Threoraigh na hOideoirí Ceoltóra Brioni Gallagher, Sinéad Connolly agus Shane McVicker an gcór ar an bpianó.

Le himeacht Seothaispeántais Cineáltas, tugtar pobail scoile le chéile chun tionscnaimh frithbhulaíochta a chur i láthair lena gcuirtear cuimsiú, éagsúlacht agus folláine chun cinn. Bhronn an tAire Stáit um Oideachas Speisialta agus Cuimsiú, Michael Moynihan Teastas Rannpháirtíochta ar an gcór ar an lá. [Féach tuilleadh ón imeacht anseo](#).

Seachtain BOO 2025

Mar chuid de Sheachtain BOO 2025, d’óstáil BOO Éireann Gradam Bairr Feabhais BOO ag Páirc an Chrócaigh. Bronnadh an 1ú áit i ngradam bairr feabhais pobail BOO ar Ceolfhoireann Trasteorann Ceoil Tíre na Óige de chuid Music Generation an Chabháin/Mhuineacháin, as a dtionscadal agus a léiriú “A Deep Ravine: Reflections on a Divided Ireland”.

Déanann an tsraith iniúchadh ar an saol feadh na teorann 100 bliain ó shin. Ba é Michael Rooney a chum é, ba é an scríbhneoir clúiteach Tommy McArdle a scriptigh é agus léiríodh é den chéad uair in Hilton Park, Muineachán, agus léiríodh ina dhiaidh sin sa an Cheoláras Náisiúnta i mBaile Átha Cliath. Tá os cionn 100 ceoltóir óg ón gCabán, Muineachán, Tír Eoghain, Fear Manach, Albain agus an Úcráin i gCeolfhoireann Trasteorann na hÓige. [Faigh tuilleadh eolais faoin imeacht anseo](#).

Cainteanna Leanaí 2025

Ghlac Music Generation páirt i gCainteanna Leanaí 2025, arna óstáil ag an Ombudsman do Leanaí ag The Helix, Baile Átha Cliath. Tugadh le chéile leis an imeacht 1,000 duine óg chun plé a dhéanamh ar na príomhcheisteanna a mbíonn tionchar acu ar a saol. D'oscail DJanna óga ó Music Generation dlr (DJ Silk agus DJ J-Rizz) an t-imeacht. Chríochnaigh sé le taibhiú i stíl tobshlua ó Ensemble Gaothuirilisí agus Uirlisí Práis Music Generation Phort Láirge.

Is imeacht bliantúil é Cainteanna Leanaí a reáchtálann Oifig an Ombudsman do Leanaí chun Lá Domhanda na Leanaí a chomórath. Tugadh ardán leis an imeacht do dhaoine óga a dtuairimí agus a n-eispéiris a roinnt ar shaincheisteanna atá tábhachtach dóibh. [Féach ar bhuaicphointí ón taibhiú anseo.](#)

Cruinniú na nÓg 2025

Lá náisiúnta cruthaitheachta saor in aisce in Éirinn is ea Cruinniú na nÓg. Is tionscnamh de chuid Éire Ildánach é. D'óstáil limistéir Music Generation ar fud an líonra réimse imeachtaí agus taibhithe do pháistí agus do dhaoine óga. Is é seo a leanas roinnt samplaí:

- Rinne Music Generation Ros Comáin iniúchadh ar theicneolaíocht chuimsitheach Soundbeam ag a n-imeacht “Sound, String, Sculpture” i mbaile Ros Comáin.
- D'óstáil Music Generation Chathair Chorcaí “Rock the Block” in éineacht le The Kabin Studio agus leis an aoi-ealaíontóir Hazey Haze.
- D'óstáil Music Generation na hIarmhí agus Music Generation Uíbh Fhailí imeachtaí Micreafóin Oscailte.

- D'óstáil Music Generation dlr dioscó ciúin.
- Bhí Music Generation Chathair na Gaillimhe páirteach i bhféile cheoil agus ealaíon lae iomláin. [Féach tuilleadh anseo.](#)

[Féach ar liosta iomlán imeachtaí Chruinniú na nÓg anseo.](#)

Oíche Chultúir 2025

Cheiliúir limistéar Music Generation ar fud na hÉireann Oíche Chultúir 2025. I measc na n-imeachtaí bhí micreafón oscailte, ceardlanna luathbhlianta, ceolchoirmeacha faoin aer agus go leor eile do gach uile aois.

- D'óstáil Music Generation an Chláir “Tradition Reimagined”, ceolchoirm chomhoibríoch le Ceolfhoireann Aireagail na hÉireann, leis an aoi speisialta John Spillane.
- Ba imeacht micreafóin oscailte do bhannaí óga é “Midland Rocks” arna óstáil ag Music Generation Uíbh Fhailí in Ionad Ealaíon an Eiscir.
- D'óstáil Music Generation Thiobraid Árann “Enter the Night”, ceolchoirm mhór faoin aer i gCluain Meala.
- Ghlac ceoltóirí agus bannaí ceoil óga ó Music Generation Phort Láirge seilbh ar an Amharclann Ríoga, agus sheinn siad i láithreacha ar fud an ionaid.
- Thug Cór Idirchultúrtha Ubuntu de chuid Music Generation na hIarmhí ceolchoirm speisialta in Ionad Ealaíon Thuar Ard.

[Féach ar liosta iomlán imeachtaí na hOíche Cultúrtha anseo.](#)

Fondúireacht Cheoil Seán Shannon

Chuir Oifig Forbartha Náisiúnta Music Generation tús le comhpháirtíocht le Fondúireacht Cheoil Seán Shannon. Bunaíodh an fhondúireacht i gcuimhne ar an pianódóir nach maireann, Seán Shannon, agus tá sí tiomanta do thacaíocht a thabhairt do cheoltóirí óga a bhfuil dúshláin shocheacnamaíocha os a gcomhair. Bhí ceolchoirmeacha Sparánachta Seán Shannon ar siúl i gCeol-Acadamh Ríoga na hÉireann agus in Glór in Inis i mí an Mheithimh 2025. Bronnadh sparánachtaí ar na ceoltóirí óga Jimmy Maguire (Music Generation Lú) agus Josh Bagnall (Music Generation Mhaigh Eo) chun tacú lena n-aistear ceoil. [Léigh tuilleadh anseo.](#)

Youth Voice

Reáchtáladh Grúpaí Fócais le linn 2025, chun deiseanna a chruthú do dhaoine óga go n-éistfí leo agus chun go mbeadh tionchar acu ar obair agus ar threo Music Generation.

Ghlac deich gceoltóirí óga ó Music Generation Chill Mhantáin agus Music Generation Mhaigh Eo páirt i nGrúpa Fócais lena dtuairimí maidir le hÉagsúlacht, Cothroime agus Cuimsiú a thabhairt. Bhí na ceoltóirí óga idir 12 agus 17 mbliana d'aois. Chuir an grúpa fócais sin bonn eolais faoi fhorbairt Beartais um Éagsúlacht, Cothroime agus Cuimsiú OFN Music Generation.

Phléigh ceoltóirí óga a dtuairimí maidir leis an méid seo a leanas:

- Bacainní ar rochtain
- Cuimsiú
- Saoráidí áitiúla dá gcláreagrú ceoil
- Oideoirí Ceoil

Chuaigh na ceoltóirí óga i mbun ceardlann agus dhear siad a bhfís do chláir ceoil cuimsitheach.

Ghlac grúpa de 17 gceoltóirí óga ó Music Generation Chiarraí Music Generation Lú agus ICO Óge Luimnigh páirt i ngrúpa fócais tiomnaithe lena dtuairimí ar Chumarsáid, margaiócht, na meáin shóisialta agus brandáil a thabhairt. Chuir an grúpa fócais sin bonn eolais faoi fhorbairt i straitéis suímh gréasáin, forbairt branda agus pleanáil na meán sóisialta de chuid OFN Music Generation do 2026.

Phléigh ceoltóirí óga a dtuairimí maidir leis an méid seo a leanas:

- Rannpháirtíocht agus eispéiris maidir le hábhair a chruthú i gcomhar le OFN Music Generation [Féach sampla anseo](#)
- Na meáin shóisialta agus ábhar ar líne a thaitníonn leo
- Cén tábhacht atá ag féiniúlacht Music Generation acu
- Ealaíontóirí agus eagraíochtaí is maith leo ar líne.

Chuaigh na ceoltóirí óga i mbun ceardlann agus dhear siad a scéalchlár féin agus treoir phíosa físe Music Generation dá scéal.

Leanamar le hábhar a chruthú do na meáin shóisialta i gcomhar le páistí agus daoine óga agus le Comhpháirtíochtaí Áitiúla um Oideachas Ceoil.

“Rocking December Nights”

Chomhoibrigh OFN Music Generation le Music Generation Uíbh Fhailí chun deis fhiúntach a chruthú chun cruthaitheacht áitiúil i dTulach Mhór a phróifiliú agus eispéireas spreagúil agus comhoibríoch a chruthú do cheoltóirí óga.

Bhí os cionn 370 dalta ó Scoil Náisiúnta San Feilimín agus ó Scoil Eoin Phóil II Naofa páirteach i dtionscnamh “Rocking December Nights”, faoi stiúir na nOideoirí Ceoltóra Aoibheann McKnight agus Emma Goulding. Thar shraith ceardlann, tugadh isteach gach gné den chumadóireacht amhrán agus den léiriú ceoil do rannpháirtithe. Chuidigh ceoltóirí óga leis an bhfonn a chruthú, na liricí a chumadh, an t-amhrán a thaifeadadh, agus físeán ceoil iomlán a dhéanamh. Cuireadh na ceardlanna ar bun le go bhféadfadh gach duine páirt a ghlacadh, oibriú le chéile, agus a mhothú go raibh tacaíocht á fáil acu. Chuidigh sé sin le cruthaitheacht agus muinín a chothú, agus chinntigh sé gur éisteadh le smaointe gach páiste agus gur cuireadh beocht iontu.

Cruthaíodh an t-amhrán mar cheiliúradh ar shéasúr na Nollag, ag baint leas as smaointe, fuinneamh agus samhlaíocht na gceoltóirí óga a bhí páirteach. Rinne siad iniúchadh ar ghnéithe den chumadóireacht

amhrán amhail rím a dhéanamh ar liricí, focail a mheaitseáil le foinn, agus a chinntiú go raibh atmaisféar Nollag lúcháireach san amhrán. Spreag an próiseas sin réiteach fadhbanna, smaointeoireacht chruthaitheach agus obair foirne.

Cuireadh an traic amach ar Spotify, YouTube Music, BandCamp, agus iTunes, mar aon le físeán a uaslódáladh ar YouTube.

[Féach ar “Rocking December Nights” anseo.](#)

[Éist leis na páistí agus na daoine óga atá páirteach anseo.](#)

Music Generation Uíbh Fhailí

Rocking December Nights
Grianghraf le Eimear Quinn



Cuspóir

10

Leanfaimid le **taighde a dhéanamh agus ár n-abhcóideacht a bhunú ar fhoghlaim fhianaise-bhunaithe.**

In 2025, dhírigh ár dtaighde ar fhoghlaim ghníomhaíochta, go háirithe trí fhorbairt, neartú agus doiciméadú ár n-athbhreithnithe agus próiseas PC (féach Colún na Cáilíochta, lch. 43). Le linn na tréimhse sin, d'fhorbair an OFN a Bheartas agus a Phlean Gníomhaíochta DEI freisin, ar cuireadh bonn eolais faoi le taighde cáilíochtúil inmheánach agus seachtrach araon, lena n-áirítear grúpa fócais le páistí agus daoine óga. Cuirfidh na tionscnaimh sin le forbairt leanúnach ár bplean taighde in 2026 agus beidh tionchar acu ar an bhforbairt sin.

Music Generation Chill Mhantáin

Féile 'Wicklow Sings'

Grianghraf le Wayne Polley





Music Generation Mhaigh Eo
Music @ Mount Leinster
Grianghraf le DGM Photographic

Bord Music Generation agus Bord na hOifige Forbartha

Náisiúnta

Arna bhunú mar fhochuideachta de chuid Cuideachta Teoranta de réir Ráthaíochta (CTR) Music Generation, tá Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe (DAC) Music Generation á rialú ag Bord Stiúrthóirí ina bhfuil deich gcomhalta. Ba iad seo a leanas

Comhaltaí Bhord Music Generation in 2025:

Leo Blennerhassett

Cathaoirleach, Comhairleoir Bainistíochta, agus iar-Stiúrthóir Bainistíochta Accenture Ireland

Pat Burke (go dtí Meitheamh 2025)

Iar-Ard-Rúnaí Cúnta sa Roinn Oideachais. Cathaoirleach Choimisiún na Scrúduithe Stáit.

Joseph Gilhooly (ó mhí Aibreáin 2025)

Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Liatroma

John Kelly

Scribhneoir, Craoltóir agus buaiteoir ghradam SONY, EMA, agus PPI

Joe Cunningham

Príomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí

Deirdre McCrea

Comhairleoir Ealaíon Neamhspleách agus iar-phríomhoifigeach feidhmiúcháin Music Network

Mel Mercier

Cumadóir, agus Ollamh Emeritus sna Taibh-ealaíona, Acadamh Domhanda na hÉireann um Cheol agus Damhsa, Ollscoil Luimnigh

James Morris (go dtí mí Iúil 2025)

Bunaitheoir Windmill Lane Studios, Windmill Lane Pictures, The Mill (Londain), agus an Príomhthionscnóir i mbunú TV3.

Dr Méabh Ní Fhuartháin

Ollamh Comhlach, Ionad na Léann Éireannach, Ollscoil na Gaillimhe

Chantal O'Sullivan

Déileálaí seandachtaí, comhalta boird Chumann Seoirseach na hÉireann i Nua-Eabhrac, comhalta boird The Ireland Funds agus Glucksman Ireland House i Nua-Eabhrac

Baill Foirne

Ba iad seo a leanas foireann **Oifig Forbartha Náisiúnta Music Generation in 2025:**

Rosaleen Molloy

Stiúrthóir Náisiúnta

Rebecca Murphy

Oifigeach Cumarsáide agus Margaíochta

Laura Drake (ó mhí Mheán Fómhair 2025)

Oifigeach Airgeadais

An Dr Margaret O'Sullivan

Stiúrthóir na Forbartha, Taighde agus Foghlama Cáilíochta

Mairéad Duffy

Bainisteoir na Forbartha agus na Foghlama Cáilíochta

Maura Philpott (go dtí mí an Mhárta 2025)

Cúntóir Airgeadais

Cathriona Grange

Bainisteoir Oibríochtaí

Helen Shyne

Oifigeach Cumarsáide agus Margaíochta Straitéisí

Helen Grant

Stiúrthóir Airgeadais agus Rialachais

Paul Markey

Comhordaitheoir na Forbartha agus na Foghlama Cáilíochta



Music Generation Uíbh Fhailí

Clara Bog Soundwalk

Grianghraf le Paul Moore

Rialachas

Conas a Fheidhmíonn an Bord

Tá Bord Stiúrthóirí DAC Music Generation ina bhord neamhfheidhmiúcháin neamhspleách. Tagann na Comhaltaí Boird ó chúirí éagsúla agus soláthraíonn siad réimse taithí agus scileanna, lena n-áirítear saineolas suntasach ealaíonta, oideachais, gnó agus cultúrtha.

Le chéile, tá siad freagrach as ceannaireacht a sholáthar, straitéis a fhorbairt, riosca a shainaithint agus a mhaolú, agus monatóireacht a dhéanamh ar bhuiséid agus ar thorthaí na heagraíochta. Roghnaítear na comhaltaí boird de réir bhunreacht DAC Music Generation agus cuirtear gach comhalta nua boird faoi phróiseas ionductaithe fairsing. Cuirtear na comhaltaí boird ar an eolas freisin faoi aon cheanglais nua rialachais nó reachtaíochta de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn. Tá teorainn téarma 3 bliana agus 3 théarma ar a mhéad ann.

Tá próisis oibríochtúla agus rialachais i bhfeidhm ag

DAC Music Generation leis an méid seo a leanas a chinntiú:

Go n-oibreoidh sé ar bhealach oscailte trédhearcach

Go gcomhlíonann sé a fhreagrachtaí reachtúla agus dlíthiúla

Music Generation Phort Láirge
Clár Práis Bunscoile

Go gcloíonn sé le hoibleagáidí rialachais a bhunaitheoirí agus a dheontóirí

Tá Music Generation á threorú le straitéisí náisiúnta ábhartha, beartais Rialtais, agus an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Cloíonn Music Generation leis an Ráiteas um Chleachtas Molta do Charthanais (SORP).

Tá DAC Music Generation á rialú le Bunreacht, agus tá a Bhord Stiúrthóirí tiomanta do na caighdeáin rialachais chorparáidigh is airde a choinneáil ar bun, lena n-áirítear cloí le Cód Rialachais Carthanais an Rialálaí Carthanais.



Minicíocht na gCruinnithe Boird agus Coistí

Reáchtáiltear cruinnithe boird uair nó dhó sa ráithe, i rith na bliana féilire. Lena chois sin, bíonn cruinnithe ag coistí níos lú den Bhord ar chúrsaí ar leith amhail Acmhainní Daonna, Iniúcháireacht agus Riosca, agus an Ciste Cruthaitheachta agus Comhoibríthe.

Ráiteas maidir le Bearta Bainistíochta Riosca

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca i bhfeidhm ag Bord Music Generation a dhéanann maoirseacht ar Chlár Riosca na Cuideachta agus a dhéanann monatóireacht ar gach riosca féideartha don eagraíocht.

Music Generation an Chabháin/ Mhuineacháin

Music on Wheels

Grianghraf le Sandra McIntyre





Cúrsaí Airgeadais

Music Generation Bhaile Átha Cliath Theas
SubSounds - Féile Cheoil na hÓige
Grianghraf Dylan Scully

Achoimre ar Fhigiúirí 2025

B'ionann **ioncam iomlán DAC Music Generation do 2025** agus **€7,809,526**.

Fuarthas croímhaoiniú dar luach €7,485,000 ón Stáitchiste tríd an Roinn Oideachais agus Óige agus fuarthas €233,163 ó The Ireland Funds.

Fuair Music Generation €75,000 freisin trína chomhpháirtíocht leis an gComhairle Ealaíon.

Áiríodh ar ioncam eile de €16,363 ioncam taiscí agus maoiniú chun tacú le deiseanna taibhithe do cheoltóirí óga.

Leis na cistí a leithdháiltear ar DAC Music Generation, clúdaítear costais eisíoca clár do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla um Oideachas Ceoil agus costais reatha na hOifige Forbartha Náisiúnta.

Soláthraíonn DAC Music Generation maoiniú do Phríomhpháirtithe a luaithe a bheidh an méid coibhéiseach bailithe ag na Comhpháirtíochtaí Áitiúla um Oideachas Ceoil (CÁOCanna) trí mhaoiniú meaitseála a ghintear go háitiúil. As an €8,196,238 a bhailigh CÁOCanna in 2025, cuireadh €1,393,591 ar fáil mar Thacaíocht Chomhchineáil. Aithnítear leis sin an ranniocaíocht shuntasach ó gach Limistéar CÁOC leis an gcóiríocht oifige, na forchostais agus an fhoireann riaracháin a theastaíonn chun tacú le cláir Music Generation.




Music Generation Fhine Gall
Campaí Samhraidh
 Grianghraf le Conor Healy

Ioncam iomlán do chlár Music Generation

51%

Comhpháirtíochtaí Áitiúla um Oideachas Ceoil



2%

An Chomhairle Ealaíon,
 U2 agus The Ireland Funds,
 Eile

47%

An Roinn Oideachais agus
 Óige

Caiteachas iomlán do chlár Music Generation



93%

Seirbhísí Cláir

7%

Costais oibriúcháin
 na hOifige Forbartha
 Náisiúnta

Aguisíní

Aguisín A:

Ballraíocht na gCruinnithe Boird agus Freastal Orthu

| | 11 Feabhra | 1 Aibreán | 6 Meitheamh | 13 Lúnasa | 23 Meán Fómhair | 18 Samhain | 9 Nollaig |
|----------------------------|---------------|--------------|----------------|--------------|-----------------------|---------------|--------------|
| Leo Blennerhassett | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| Pat Burke | ● | ● | ● | N/B | N/B | N/B | N/B |
| Joe Cunningham | ● | ● | ● | | ● | ● | ● |
| Joseph Gilhooly | N/B | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| John Kelly | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| Deirdre McCrea | ● | ● | | ● | ● | ● | ● |
| Mel Mercier | | | | ● | ● | ● | ● |
| James Morris | ● | ● | ● | N/B | N/B | N/B | N/B |
| Méabh Ní Fhuartháin | ● | ● | ● | ● | | | ● |
| Chantal O'Sullivan | ● | ● | ● | ● | ● | | ● |

Ballraíocht na gCruinnithe Coistí Boird agus Freastal Orthu

| Coiste Iniúcháireachta agus Riosca | 27 Bealtaine | 18 Samhain |
|------------------------------------|--------------|------------|
| Leo Blennerhassett | ● | ● |
| Joseph Gilhooly | N/B | ● |
| Pat Burke | ● | N/B |

| Coiste AD | 21 Feabhra | 3 Nollaig |
|-----------------------|------------|-----------|
| Joe Cunningham | ● | ● |
| Deirdre McCrea | ● | ● |
| James Morris | ● | N/B |

| Coiste an Chiste Cruthaitheachta agus Comhoibrithe | 27 Eanáir | 19 Feabhra | 3 Márta | 12 Márta | 13 Samh | 9 Nollaig | 17 Nollaig |
|--|-----------|------------|---------|----------|---------|-----------|------------|
| Deirdre McCrea | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| Mel Mercier | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| Méabh Ní Fhuartháin | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |

Aguisín B:

Táillí agus Costais na gComhaltaí Boird 2025.

Níor íocadh aon táillí leis na Comhaltaí Boird in 2025. Cuimsítear sna figiúirí ar dheis costais na gComhaltaí Boird as freastal ar imeachtaí na gComhpháirtíochtaí Áitiúla um Oideachas Ceoil agus freastal ar chruinnithe coiste agus Boird.

| | |
|----------------------------|------|
| Méabh Ní Fhuartháin | €550 |
|----------------------------|------|

Grianghraf Clúdaigh:

Music Generation Cheatharlach

Music @ Mount Leinster

Grianghraf le DGM Photographic



**Music
Generation**

Music Generation is Ireland's National Music Education Programme. A Music Network Initiative, co-funded by U2, The Ireland Funds, The Department of Education and Youth and Local Music Education Partnerships



An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of Education
and Youth

DAC Music Generation, Cláraithe in Éirinn; Uimhir Chuideachta: 491331, Uimhir Charthanais: CHY 19679, Uimhir Chláraithe Charthanais: RCN 20077426.